

AN BORD UM THAISMÍ MUIRÍ A IMSCRÚDÚ

# Tuarascáil Bhliantúil

2024

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Bunaíodh an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar an 25 Márta, 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Fanann cóipcheart na tuarascála seo leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní fhéadfaidh aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a tháirgeadh, a atáirgeadh ná a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead sainráite ón mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú.

Féadfaidh aon duine an tuarascáil seo a úsáid chun críocha oideachais.

Arna foilsiú ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú © 2025

# Clár

## Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh 2

2. Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta 6

3. Réamhrá maidir le Teagmhais agus Imscrúduithe 8

4. Achoimre ar na Teagmhais a Imscrúdaíodh a tharla le linn 2024 10

5. Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh 2024 13

6. Comparáidí idir Taismí Muirí 2015 – 2024 23

7. Treochtaí maidir le Básanna 2015 – 2024 24

8. Aguisín A 25


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024 28

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach

A Aire,

De réir cheanglais Alt 21 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000 (arna leasú), cuirim i láthair an dara tuarascáil is fiche ar Theagmhais agus Imscrúduithe ón mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB), a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2024.

Cuirfear cuntais iniúchta MCIB i láthair daoibh níos déanaí sa bhliain nuair a bheidh an t-iniúchadh bliantúil curtha i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ina dhiaidh sin, cuirfear an tuarascáil seo agus Ráiteas Airgeadais MCIB le chéile chun Tuarascáil Bhliantúil MCIB 2024 a chruthú, lena foilsiú ar shuíomh gréasáin MCIB www.mcib.ie.

**Forléargas ar 2024**

Chuir MCIB tús le himscrúduithe i gceithre thaisme mhuirí in 2024, agus ba theagmhas mharfach í ceann acu. I gcásanna marfacha, oibríonn MCIB leis an nGarda Síochána agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Gardaí uile a chuidigh le himscrúduithe MCIB, go háirithe le bliain anuas. Tragóid do theaghlach, do chairde agus do phobal an duine atá i ngach cás ina bhfaigheann duine bás. Ba mhaith le MCIB comhbhrón a dhéanamh leo siúd ar fad a bhfuil bás ar bith astu seo tar éis goilleadh orthu.

Bhreithnigh an Bord 67 teagmhas eile a raibh comhoibriú idir MCIB agus forais imscrúdaithe taismí stát eile i gceist leo. Go ginearálta, measadh gur teagmhais bheaga iad na teagmhais sin agus nach raibh aon údar maith le himscrúdú ag an stát brataí ná ag MCIB, nó gur teagmhais iad ina ndearnadh an stát brataí imscrúduithe. I gcuid de na cásanna, b'éigean na sonraí ó Éirinn a uaslódáil ar an Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP)[1].

I gcaitheamh 2024, rinne MCIB measúnú ar 27 teagmhas breise freisin chun a chinneadh an ndéanfaí imscrúdú, agus sna cásanna seo chinn siad gur teagmhais bheaga a bhí iontu agus/nó nach dócha go dtiocfadh aon mholtaí sábháilteachta úsáideacha as imscrúdú.

Bunaíodh MCIB 26 bliain ó shin agus go dtí deireadh mhí na Nollag 2024 bhí 274 tuarascáil foilsithe aige ar theagmhais faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord deich dtuarascáil deiridh maidir le taismí muirí a imscrúdú agus cúig thuairisc eatramhacha in 2024.

Faoin 31 Nollaig 2024, bhí naoi n-imscrúdú san iomlán ar bun, ceithre cinn díobh sin a tharla in 2024, agus cúig cinn a tharla in 2023. Faoi mhí an Mhárta 2025, bhí deich n-imscrúdú ar bun san iomlán, lena n-áirítear iad siúd ar cuireadh tús leo in 2024. As na deich n-imscrúdú atá ar bun, baineann cúig cinn le básanna a tharla in 2023, ceann amháin a tharla in 2024 agus ceann amháin in 2025. Tharla cúig cinn ar árthaigh iascaireachta, bhain ceithre cinn le árthaigh áineasa, lena n-áirítear árthaigh iascaireachta áineasa, mótarbhád áineasa, agus scairdscí, agus bhain ceann amháin le hárthach paisinéirí.

Cuireann MCIB a chomhbhrón a chur in iúl dóibh siúd go léir atá thíos de dheasca na mbásanna sin agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do dhíograis agus do thiomantas na gcéad fhreagróirí, go háirithe Garda Cósta na hÉireann (IRCG) agus baill eile de na Seirbhísí Cuardaigh agus Tarrthála. Gabhaimid buíochas agus is mór againn an comhoibriú ar fad leis an nGarda Síochána maidir leis na básanna, agus le go leor Cróinéirí i rith na bliana.

San áireamh i dtuairiscí imscrúdaithe MCIB a foilsíodh in 2024, tá tuairisc (Tuairisc MCIB Uimh.325) ar imscrúdú seisiún oiliúna sceidealaithe ar abhainn na Coiribe do dhá bhád rámhaíochta iomaíocha a raibh teagmhas taisme mhuirí mar thoradh air a d'fhág cailliúint an dá bhád rámhaíochta agus a chuir bagairt báis nó díobhála tromchúisí ar dhaoine a bhí ag oibriú árthaigh áineasa in uiscí na hÉireann. Ó tharla an teagmhas taisme sin, rinneadh go leor athruithe ar oibriú na ngníomhaíochtaí rámhaíochta sa chlub bád. Rinne an MCIB moltaí sábháilteachta a dhíríodh ar Chlub Bád Ollscoil na Gaillimhe, Rámhaíocht Éireann agus Spórt Éireann, na clubanna rámhaíochta uile atá ag feidhmiú ar Abhainn na Coiribe, Sábháilteacht Uisce na hÉireann, agus an tAire Iompair.

Bhain tuairisc eile le bás ar árthach iascaireachta nuair a bhí ball den chriú ag scaoileadh potaí portán (Tuairisc MCIB Uimh. 326). Agus an obair ar bun leis na potaí a chaitheamh, theastaigh ball amháin den chriú ar deic le bheith cinnte

1. Bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí atá san Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP) atá á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.

go rachadh na potaí gan stró ón deic. Agus an pota deireanach ag imeacht ón deic, d'éirigh an ball den chriú a bhí ar deic i bhfostú sa téad a bhí ceangailte den phota agus tarraingíodh tríd an oscailt dorais deiridh é, thar an taobh agus isteach san uisce áit ar bádh é. Ní raibh Gaireas Snámhachta Pearsanta (GSP) á chaitheamh aige. Tuairiscíodh dhá bhás eile ó árthaigh áineasa nach raibh GSPanna á gcaitheamh orthu i dtuairiscí MCIB Uimh.329 agus Uimh.332 freisin. I mí na Nollag 2024 foilsíodh Tuairisc MCIB Uimh.336. Bhí imbhualadh an-tromchúiseach leis seo idir árthach iascaireachta agus mótarárthach lastais ar a bhealach ó Milford Haven go dtí SAM agus bheadh na hiarmhairtí do chriú an árthaigh iascaireachta thar a bheith tromchúiseach, agus a d'fhéadfadh iarmhairtí marfacha a bheith ann, dá mbeadh luas a árthaigh brostaithe ag an Scipéir thart ar nóiméad amháin roimhe sin. Ba mhaith leis an MCIB buíochas a ghabháil lena chomh-eagraíocht i Singeapór as a gcomhoibriú le linn an imscrúdaithe seo.

I gcaitheamh 2024, d'fhoilsigh an tAire leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais maidir le hOibriú Sábháilte Árthaí Áineasa. Is áisiúil an méid atá sa Chód agus tá eolas ann ar chéimeanna riachtanacha sábháilteachta ar chóir cloí leo. Mar uirlis oideachais, is bealach é an Cód Cleachtais maidir le hOibriú Sábháilte Árthaí Áineasa chun úinéirí, oibreoirí agus úsáideoirí árthaí áineasa a chur ar an eolas faoi na ceanglais reachtacha, na treoirlínte sábháilteachta agus an chomhairle oibríochta is fearr a bhaineann le raon árthaí áineasa a oibríonn in uiscí cósta agus intíre na hÉireann. Foilsíodh an Cód Cleachtais den chéad uair in 2006 i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta sábháilteachta ar árthaí beaga uisce agus próiseas comhairliúcháin phoiblí. Foilsíodh eagráin athbhreithnithe in 2008 agus 2017. Is ionann an Cód Cleachtais nua agus athbhreithnithe agus toradh próiseas athbhreithnithe agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a rinneadh in 2022 agus 2023 agus MCIB san áireamh ann.

### Athruithe Reachtaíochta

Tá dul chun cinn reachtaíochta déanta maidir leis an mBille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2024 (lena bhforáiltear Aonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MAIU) lánaimseartha laistigh den Roinn Iompair). Tiocfaidh an MAIU in ionad an MCIB mar an comhlacht buan atá freagrach as imscrúdú timpistí muirí.

### Comhthéacs Eorpach agus EMSA

In 2024 lean MCIB lena rannpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) i leith teagmhais muirí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/18/CE an Aontais Eorpaigh (AE) (lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha lena rialaítear imscrúdú timpistí san in earnáil an mhuiriompair). Is í an EMSA an ghníomhaireacht san AE atá freagrach as saineolas teicniúil agus cúnamh oibríochtúil a thabhairt d'fhonn feabhas a bhaint amach sa tsábháilteacht mhuirí, san ullmhacht agus freagairt truaillithe, agus sa tslándáil mhuirí ar fud an AE.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil MCIB do 2023, chuir EMSA tús lena chéad bhliain d'acadamh oiliúna nua in 2024 le Croíchuraclam Comhchoiteann d'imscrúdaitheoirí timpistí an AE. Is dea-fhorbairt í seo a chuirfidh le foghlaim leanúnach imscrúdaitheoirí timpistí MCIB. D'éirigh le triúr imscrúdaitheoirí MCIB an cúrsa nua go a chríochnú in 2024.

Ar an 27 Samhain 2024, foilsíodh Treoir (AE) 2024/3017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha lena rialaítear imscrúdú timpistí in earnáil an mhuiriompair agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1286/2011 ón gCoimisiún. Mar a tuairiscíodh roimhe seo, bhíothas ag súil go dtabharfadh an Treoir isteach, i measc go leor athruithe eile, leibhéil éigin imscrúduithe éigeantacha d'árthaigh iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar (m) ar fad san iomlán. I mír 8 den réamhrá sa Treoir, luaitear an méid seo a leanas:

> *"Faoi láthair tá soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/18/CE. Mar thoradh air sin, níl na himscrúduithe sábháilteachta a dhéantar agus a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin córasach ná comhchuibhithe. Is minic a iompaíonn na soithí sin béal faoi agus is rud measartha coitianta é go dtiteann baill dá gcriú thar bord. Dá bhrí sin, chun soithí iascaireachta den sórt sin, a gcriúnna agus an comhshaol a chosaint, is gá foráil a dhéanamh maidir le réamh-mheasúnú a thabhairt isteach ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta den sórt sin chun a chinneadh an bhfuil na húdaráis chun tús a chur le himscrúdú sábháilteachta, lena gcuirtear san áireamh, inter alia, an fhianaise atá ar fáil chomh maith leis an bhféidearthacht go bhfágfadh torthaí an imscrúdaithe sábháilteachta go ndéanfaí taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc. Meastar go mbeidh tionchar dearfach suntasach ag an mbeart sin maidir le líon na ndaoine a shábhálfar ar muir agus líon na ndíobhálacha a sheachnófar, rud a chosnóidh beatha agus sláinte iascairí na hEorpa go háirithe."*

Foráiltear in Airteagal 5 (2) den Treoir nua:

> *"I gcás soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an taismigh mhuirí an-tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, réamh-mheasúnú chun a chinneadh an ndéanfar imscrúdú sábháilteachta nó nach ndéanfar. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta gan tabhairt faoi imscrúdú sábháilteachta den sórt sin,*

*déanfar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a thaifeadadh agus a fógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 17(3) gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an taismigh mhuirí an-tromchúiseach."*

Foráiltear sa Treoir go gcaithfidh reachtaíocht a bheith tugtha isteach ag na Ballstáit faoin 27 Meitheamh 2027 chun cloí leis an Treoir. Méadóidh sé seo go mór obair a bheidh ag an MAIU atá beartaithe, cé nach mbeidh sé chomh mór le roinnt Ballstát eile toisc nach n-eisiatar ó imscrúdú faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 (arna leasú) taismí muirí lena mbaineann árthaigh iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fad agus go mbíonn siad páirteach go rialta i dtimpistí agus imscrúduithe MCIB.

### D'fhoilsigh an Roinn 65 Fógra Muirí in 2024

Is féidir rochtain a fháil ar an liosta iomlán ag - Fógraí Muirí 2024 (www.gov.ie)

**Foilsíodh na Fógraí Muirí seo a leanas in 2024 i ndiaidh tuarascálacha agus imscrúduithe MCIB:**

| | |
|---|---|
| 11 de 2024 | Meabhrúchán maidir le Ceanglais Sábháilteachta d'Úinéirí Long, d'Oibreoirí agus do Mháistrí agus dóibh siúd atá bainteach le Gníomhaíochtaí Dobharshaothraithe Muirí. |
| 24 de 2024 | Ceanglais sábháilteachta maidir le hoibriú craenacha agus trealaimh ardaithe eile ar árthaí iascaireachta. |
| 29 de 2024 | MEABHRÚCHÁN - Doiciméad um Shábháilteacht Foirne d'Árthaí Iascaireachta. |
| 54 de 2024 | Cód Cleachtais Nua maidir le hOibriú Sábháilte Árthaí Áineasa. |

Ina theannta sin, foilsíodh dhá Fhógra Muirí in 2024 ina raibh eolas sábháilteachta suntasach:

| | |
|---|---|
| 8 de 2024 | Oibríochtaí Tairisceana Long Paisinéirí agus Criú/Teicneoirí ag dul ar bord nó ag teacht i dtír ó árthaí farraige eile atá ar ancaire (Leasaithe 01/03/24). |
| 30 de 2024 | Teastas Idirnáisiúnta d'Oibreoirí Árthaí Áineasa (ICC). |

### Imscrúduithe Seachtracha ar Thaismí

Déanann imscrúdaitheoirí seachtracha gach imscrúdú ar thaismí. Tá an Bord in ann comhairle a lorg ar phainéal imscrúdaitheoirí, lena n-áirítear pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar mháistir-mhairnéalaigh, suirbhéirí muirí, innealtóirí muirí nó oifigigh léibhinn. Tá réimse leathan cumais agus taithí ina measc siúd atá ar an bpainéal ar féidir leas a bhaint astu agus imscrúduithe neamhspleácha á ndéanamh. Is é an t-aon chuspóir a bhaineann le himscrúduithe sábháilteachta taismí muirí agus teagmhais mhuirí a chosc san am atá le teacht. Níl siad ceaptha le dliteanas a chinneadh ná le locht a leagan ar aon duine.

Beidh na tréimhsí agus torthaí seo a leanas i gceist le próiseas imscrúdaithe de ghnáth:

| | |
|---|---|
| **Fógra** | Nuair a thugtar fógra do MCIB maidir le taisme nó teagmhas muirí, caithfear measúnú a dhéanamh le cinneadh a dhéanamh faoina ndéanfar imscrúdú nó nach ndéanfar. |
| **Fianaise a bhailiú** | Agus tús curtha leis an imscrúdú, is tábhachtach fianaise a bhailiú go breá gasta, agallaimh le finnéithe san áireamh, le tuiscint a fháil ar na cúinsí a bhain leis an eachtra agus ar an ord inar thit na himeachtaí amach. |
| **Anailís a dhéanamh ar an bhfianaise** | Caithfear anailís cheart a dhéanamh ar fhianaise chun na cúiseanna taobh thiar den taisme nó teagmhas muirí a shonrú. Cuirtear béim ar thuiscint a fháil ar an gcúis a raibh an taisme ann, mar gheall ar ghníomh nó cúinse nach raibh sábháilte, chomh maith leis an gcomhthéacs, bíodh sé sin fisiceach nó eagraíochtúil, inar thit an taisme nó teagmhas amach. |
| **Conclúidí a bhaint amach** | Sna conclúidí, déantar na fadhbanna sábháilteachta a shonrú chomh maith leis na cosaintí a bhí ar iarraidh nó easnamhach (cosaintí ábharacha, feidhmeacha nó oideachasúla, nó nósanna imeachta) faoinar féidir bearta sábháilteachta a fhorbairt chun tuilleadh taismí muirí a chosc. |
| **Gníomhartha ceartaitheacha a shocrú** | Tugann MCIB Moltaí Sábháilteachta i gcásanna inarb iomchuí, is iad sin moltaí i dtaobh gníomhartha ceartaitheacha le nach mbeidh tuilleadh taismí agus eachtraí muirí ann. Is don Roinn Iompair agus do pháirtithe eile a thugtar na moltaí ar fearr an stádas atá acu le bearta mar sin a chur i bhfeidhm. |
| **Tuarascáil** | Cuirtear tuarascáil ar fáil mar thoradh ar an imscrúdú. Tugtar sa tuarascáil sin, i measc nithe eile, na cúinsí a bhain leis an teagmhas, anailís ar na cúiseanna agus conclúidí. Foilsítear an tuarascáil d'fhonn na ceachtanna sábháilteachta a scaipeadh ar an bpobal muirí. Déantar sonraí maidir le taismí muirí agus teagmhais mhuirí a uaslódáil ar EMCIP chun tacú leis an anailís. |

## Tuarascálacha a foilsíodh in 2024

D'fhoilsigh an Bord deich dtuarascáil deiridh agus cúig thuairisc eatramhacha le linn 2024. Tá na sonraí ar fad ar fáil ar leathanaigh 14 go 23.

## Imscrúduithe ar cuireadh tús leo in 2024

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar cheithre theagmhas le linn 2024. Tá sonraí achoimre ar na teagmhais ar fáil sa tábla thíos. Tá na sonraí ar fad a bhain le gach teagmhas leagtha amach ar leathanaigh 11 go 13.

Bhain dhá cheann de na ceithre theagmhas a raibh imscrúdú ag teastáil ina leith leis an tionscal iascaireachta. Bhain teagmhas amháin le árthach paisinéirí agus bhain ceann eile le hárthach áineasa, agus ba theagmhas marfach é sin.

| Earnáil | Teagmhais | Árthaí a bádh | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 2 | 1 | 0 | 0 |
| Lastas Ginearálta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Áineas | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Paisinéirí | 1 | 1 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **4** | **2** | **1** | **0** |

### Árthaí Iascaireachta

Bhí dhá theagmhas ann a bhain le hárthaí iascaireachta.

- Teagmhas a bhain le hárthach a chuaigh ar talamh, Inis Mór, Co. na Gaillimhe.
- Árthach báite, amach ó chósta Chionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall.

### Árthach Paisinéirí

Bhí teagmhas amháin ann a bhain le hárthach paisinéirí.

- Árthach báite, Na Scealga, Co. Chiarraí.

### Árthach Áineasa

Bhí teagmhas amháin ann a bhain le hárthach áineasa.

- Teagmhas marfach a bhain le hárthach, Inis Bó Finne, Co. na Gaillimhe.

Tá táblaí mionsonraithe de na teagmhais a ndearnadh imscrúdú orthu a tharla sna blianta 2015 go 2024 ar leathanaigh 24 agus 25 den tuarascáil seo. Tá achoimre ar na teagmhais uile a imscrúdaíodh sna blianta seo ar fáil sa tábla thíos:

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 5 | 9 | 6 | 8 | 6 | 4 | 0 | 0 | 8 | 1 |
| Gortuithe | 0 | 14 | 0 | 0 | 1 | 2 | 2 | 6 | 0 | 0 |
| Árthaí | 7 | 15 | 5 | 5 | 11 | 8 | 8 | 21 | 11 | 4 |

## Eitic in Oifig Phoiblí

Le linn 2024, bhí na comhaltaí Boird ar fad i gcomhréir leis na forálacha agus ceanglais is infheidhme sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

## Buíochas

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord atá tar éis a gcuid ama agus saineolais a thabhairt go fial flaithiúil ar mhaithe le hobair MCIB le bliain anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár n-imscrúdaitheoirí agus lenár Rúnaíocht agus Rúnaí an Bhoird atá an-díograiseach as an méid atá déanta acu go léir i gcaitheamh na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leatsa mar Aire, agus le d'oifigigh sa Rannóg Beartais um Shábháilteacht Mhuirí, as an gcúnamh a thug tú don Bhord le linn 2024.

CLAIRE CALLANAN
CHAIRPERSON

# Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta



**Claire Callanan, Uas.**
Cathaoirleach, Dlíodóir



**John Carlton, Uas.**
Leas-Chathaoirleach (amhail 1 Aibreán 2024), BSc san Innealtóireacht Mhuirí, BA sa Bhainistíocht Ghnó, Innealtóir Muirí Aicme I



**An Dr Dorothea Dowling,**
(Eanáir-Márta 2024) Leas-Chathaoirleach, Árachóir Cairte agus Eadránaí Creidiúnaithe



**Keith Patterson, Uas.**
CEng, CMarENG, Innealtóir Muirí Aicme 1



**Deirdre Lane, Uas.**
FNI, MSc, Máistir-Mhairnéalach, Máistir Cuain, Dún Mór



**Phil Murphy, Uas.**
Máistir-Mhairnéalach Aicme I

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell, Uas. |
| Rúnaíocht: | Paul Hallissey, Uas. |
| | Diptiben Bhatt, Uas. (Eanáir-Lúnasa 2024) |
| | Diane Nesbitt Flood, Uas. (Iúil-Nollaig 2024) |

| | |
|---|---|
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Teileafón: | 01-6783485 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Suíomh gréasáin: | www.mcib.ie |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir le MCIB.

## Bunú an Bhoird

Cuireadh MCIB ar bun faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 ("an tAcht"). Faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 276 de 2011 um Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú), 2011 ("na Rialacháin"), is é MCIB an comhlacht in Éirinn arb é is sainchúram air imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais a thiteann faoi Threoir 2009/18/CE ón Aontas Eorpach ("an Treoir") a rialaíonn an t-imscrúdú a dhéantar ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair.

## Feidhm an Bhoird

Is é is feidhm do MCIB imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá sainithe in alt 2 den Acht agus sna Rialacháin. Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, cloíonn MCIB leis na forálacha atá i gCód na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Muirí maidir le Taismí a Imscrúdú agus na forálacha atá sa Treoir. Tugtar éifeacht don Treoir i ndlí na hÉireann leis an Rialachán (I.R. Uimh. 276 de 2011) agus ní bhaineann sí ach le cuid de na teagmhais faoi imscrúdú. Déantar imscrúduithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach i gcomhréir le ceanglais na Treorach agus leis an Modheolaíocht Chomhchoiteann mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 an 9 Nollaig 2011 ón gCoimisiún.

**De réir an Achta, is éard is Taisme Mhuirí ann eachtra nó próiseas is cúis nó is baol le ceann acu seo:**

(a) bás duine nó gortú tromchúiseach do dhuine;

(b) bás duine a chuaigh thar bord;

(c) caillteanas nó sáinniú árthaigh nó maoine, damáiste do cheann acu, nó imbhualadh le ceann acu; nó

(d) damáiste suntasach don timpeallacht,

é sin bainteach le feidhmiú ceann astu seo:

(i) árthach in uiscí Éireannacha;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn in uiscí áit ar bith; nó

(iii) árthach a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uiscí Éireannacha de ghnáth agus a bhíonn faoi smacht duine atá ina chónaí sa Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí Éireannacha.

**Is é is cuspóir le gach imscrúdú na nithe seo a dhéanamh:**

1. An chúis nó na cúiseanna le taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí agus é mar chuspóir moltaí a dhéanamh le nach dtarlóidh taismí muirí den chineál céanna amach anseo.

***Is tábhachtach a lua NACH é cuspóir imscrúdaithe milleán ná locht a leagan. Bord neamh-ionchúiseach atá ann. Má dhéantar aon ionchúiseamh de bharr aon taisme, is faoi na Comhlachtaí Reachtúla an fheidhm sin a chomhlíonadh, i.e. an Garda Síochána, srl.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é MCIB atá á mhaoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip de thuarascáil deiridh gach imscrúdaithe faoi bhráid an Aire leis na moltaí sa tuarascáil a mheas.

Cuirtear na tuarascálacha ar fad ar fáil don phobal saor in aisce (ach iad a iarraidh) nó is féidir iad a fháil ar shuíomh gréasáin MCIB ar www.mcib.ie.

# Teagmhais agus Imscrúduithe
2024

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Thuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2024

# Réamhrá

Ó bunaíodh in 2002 é go deireadh 2024, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord ar 274 cás.

Léirítear sna staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus cúis gach teagmhais. Tugtar léargas áirithe don léitheoir ar an obair a dhéanann an Bord. Táthar tar éis an fhormáid chéanna úsáid i dtuarascálacha go dtí seo le gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha ó bhlianta roimhe sin.

Tá na tuarascálacha ar fad foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhoird, is é sin www.mcib.ie, agus tá siad ar fáil ach iad a iarraidh ar an Rúnaíocht.

# Achoimre ar na Teagmhais a Imscrúdaíodh a tharla le linn 2024

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Ambitious** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Dul i dtalamh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **ACHOIMRE** | Ag thart ar 17.00 uair an chloig, d’imigh an t-árthach iascaireachta (FV) Ambitious ó Chuan Ros an Mhíl, Conamara, Co. na Gaillimhe. Chuir an t-árthach tús le hoibríochtaí iascaireachta ar an taobh ó dheas de Ros an Mhíl ag thart ar 18.00, ag tarraingt a dtrealamh iascaireachta soir comhthreomhar leis an gcósta. Ag 23.00 glaodh ar an gcriú chun an trealamh iascaireachta a thabhairt ar ais ar bord agus faoi 23.45 bhí na eangacha agus an ghabháil tugtha ar ais. Bhí an t-árthach trí mhíle ar an taobh ó dheas de Chuan an Spidéil anois agus bhí an tiomáint dícheangailte. Bhí an criú ag próiseáil na gabhála fad is a bhí an Scipéir ag ligean a scíthe.<br><br>Ag thart ar 01.00, bhí an ghabháil próiseáilte agus dhúisigh an criú an Scipéir mar a comhaontaíodh roimhe sin. Mar gheall ar an ngabháil bhocht a tugadh ar bord agus an aimsir fheabhsaithe a bhí tuartha, chinn an Scipéir triail a bhaint as láithreacha iascaireachta eile ó thuaidh ó Oileáin Árann. Chuir an Scipéir an tiomáint i ngníomh agus chuir sé an t-árthach ar threo de thart ar 265 céim, ag socrú an luais ag 4 mhuirmhíle san uair (kts). D’iarr an Scipéir ar bheirt bhall den chriú fanacht ar faire, ag coinneáil cúrsa/luas an árthaigh agus d’ordaigh sé dóibh é a dhúiseacht ag 04.00. Le linn an turais níor coinníodh an faire riachtanach.<br><br>Ag thart ar 04.40, chuaigh an FV Ambitious i dtalamh ar thaobh thuaidh d’Inis Mór, Co. na Gaillimhe. De réir mar a thosaigh an t-árthach ag luí i dtreo bhord na sceathraí, baineadh úsáid as an aon rafta tarrthála a bhí ar bord agus chuaigh an criú isteach sa rafta tarrthála ón deic tosaigh. Tháinig an t-ingearán tarrthála R115 ar an láthair ag thart ar 06.18 agus ardaíodh an criú ar bord le hunlas. Aistríodh an criú chuig an ospidéal i nGaillimh ansin mar réamhchúram agus scaoileadh saor iad níos déanaí an lá céanna. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Sainte Catherine Laboure** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta > 15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá árthaigh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **ACHOIMRE** | Agus iad ag iascaireacht trosc i gceantar Bhruach Rocal, bhí Scipéir an FV Sainte Catherine Laboure ar faire sa chábán stiúrach fad is a bhí an chuid eile den chriú ag ligean a scíthe. Ag thart ar 22.00 shonraigh an Scipéir aláraim ruma ag caochadh sa seomra innill. Chuaigh sé ar aghaidh go dtí an seomra innill agus chuir sé an príomhchaidéal ruma i ngníomh, ag seiceáil go raibh sé ag pumpáil thar an taobh. Agus leibhéal an uisce fós ag ardú, cuireadh tús le caidéal ruma eile agus ghlaoigh an Scipéir ar an Máta. Rinne an Scipéir agus an Máta beirt seiceáil faoi na plátaí sa seomra innill ach ní raibh siad in ann a fháil amach cá as a raibh an t-uisce ag teacht. De réir mar a lean leibhéal an uisce ag ardú, dúisíodh an chuid eile den chriú agus rinneadh glao PAN-PAN. D'fhreagair dhá árthach an PAN-PAN, árthach Albanach, an FV Good Hope, a bhí 1.5 uair an chloig ar shiúl agus árthach cosanta iascaigh an MPV Jura a bhí 1.75 uair an chloig ar shiúl.<br><br>Chinntigh an Máta anois go raibh éadaí oiriúnacha ar an gcriú agus thug seaicéid tarrthála dóibh. Choinnigh an Scipéir teagmháil leis an FV Good Hope agus an MPV Jura agus ag 22.44 uair chuir sé an glao roghnach digiteach (DSC) agus an Rabhchán Raidió lena Léirítear Suíomh Éigeandála (EPIRB) i ngníomh. Seoladh an dá rafta tarrthála, agus d'fhág an criú an t-árthach ag 23.15 uair an chloig. Tugadh an criú ar an FV Good Hope thart ar 23.45. Tháinig an MPV Jura ar an láthair agus d'fhan sí i leataobh. Dheimhnigh an MPV Jura go ndeachaigh an FV Sainte Catherine Laboure go tóin poill ag 01.00 agus gur fhan sí ar an láthair go dtí an mhaidin chun aon smionagar a bhailiú. Chuaigh an FV Good Hope ar aghaidh go hUlapul (Ullapool i mBéarla) ar chósta thiar na hAlban agus thug sí na marthanóirí i dtír ansin ar maidin. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Inis Bó Finne** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh iascaire aonair amach ar muir in árthach beag alúmanaim ó Inis Bó Finne, Co. na Gaillimhe chun dul i mbun iascaireachta gliomaigh. Bhí na dálaí aimsire measartha agus rabhadh um árthaí beaga i bhfeidhm. Rinne an t-árthach a bhealach i dtreo potaí gliomaigh a bhí suite amach ar an taobh ó thuaidh den oileán. Bhíodh an Taismeach, a raibh cur amach aige ar an gceantar, ag plé lena photaí mar chuid dá ghnáthamh, ag obair ina aonar in ainneoin réamhaisnéisí maidir le dálaí farraige measartha go fionnuar.<br><br>Ní féidir sonraí beachta imthosca an teagmhais seo a chinneadh le cinnteacht. Mar sin féin, tar éis scrúdú a dhéanamh ar ord na n-imeachtaí a d'fhéadfadh tarlú, is é an cás is dóichí ná gur tháinig an Taismeach ar phota gliomaigh i bhfostú ag pointe éigin i rith an lae agus go ndearna sé iarracht a shaoradh tríd an árthach a cheangal leis an ardaitheoir pota agus gur úsáid sé an tonn chun an t-árthach a ardú chun cabhrú chun an gliomaigh i bhfostú a scaoileadh ó ghrinneall na farraige. Chuir an meascán de mhuir mheasartha go fionnuar, agus an brú breise ón bpota ceangailte, isteach ar chobhsaíocht an árthaigh. Agus iarracht á déanamh an pota a shaoradh, is dócha gur thóg an t-árthach uisce ar bord, agus gur iompaigh sé béal faoi sa deireadh agus is dóichí go ndeachaigh an Taismeach thar bord dá bharr sin.<br><br>Cé go raibh seaicéad tarrthála á chaitheamh ag an Taismeach, meastar go raibh teocht an uisce ag 14°-15°Celsius (C), gan aon bhealach ann chun guais a chur in iúl. Ar an ábhar nach raibh<br><br>gléas cumarsáide éigeandála aige, amhail EPIRB, Rabhchán Aimsithe Pearsanta (PLB) nó raidió An-Ardmhinicíochta (VHF), níor seoladh aon chomhartha guaise uathoibríoch, agus níor tugadh an teagmhas faoi deara go dtí an lá dár gcionn. Cuireadh tús le hiarrachtaí cuardaigh áitiúla, agus cuireadh na seirbhísí éigeandála, lena n-áirítear an IRCG agus Institiúid Náisiúnta Tarrthála Ríoga Chlocháin, ar an eolas ina dhiaidh sin. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, aimsíodh an Taismeach éagtha ar an gcladach. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Sea Breeze III** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Paisinéirí |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá árthaigh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **ACHOIMRE** | Ag thart ar 07.45, d'imigh an t-árthach mótair fámaireachta (MV) Sea Breeze III, 11.58 m ar fad, ó Phort Mhic Aodha, Co. Chiarraí, agus é ag triall ar Sceilg Mhichíl. Bhí beirt chriú agus 12 paisinéir ar bord an árthaigh. Bhí na dálaí aimsire fabhrach le gaoth éadrom idir 4 agus 6 kts, tonnta ísle agus léargas maith. Chuaigh an t-árthach díreach chuig an gcéim tuirlingthe coincréite a bhí suite ar Oileán Sceilg Mhichíl, agus ag thart ar 09.00, tugadh an 12 paisinéir i dtír in éineacht le ball amháin den chriú, agus fágadh an Scipéir ina aonar ar bord. Ba ghnáthchleachtas don árthach bogadh ar shiúl ón gcéim tuirlingthe agus imeacht le sruth, ag fanacht le filleadh na bpaisinéirí agus an chriú i gceann thart ar dhá uair go leith.<br><br>Ag thart ar 09.10 uair, bhuail aláram ruma an innill ar bord an MV Sea Breeze III. Rinne an Scipéir iniúchadh ar an urrann agus thug sé uisce ag bun an innill faoi deara. Chuir sé tús le caidéal ruma urrann an innill agus ghlaoigh sé ar úinéir an árthaigh. D'aontaigh siad go bhfillfeadh an t-árthach ar Phort Mhic Aodha agus go mbuailfeadh an tÚinéir le chéile ar an turas ag baint úsáid as árthach eile níos tapúla, an MV Skellig Flier. Bhí deireadh MV Sea Breeze III ag dul níos ísle san uisce de réir a chéile agus nuair a shroich an tÚinéir an t-árthach ag thart ar 09.35 bhí sé beagnach imithe go tóin poill cheana féin. D'ainligh an t-úinéir taobh leis agus d'ordaigh sé don Scipéir aistriú chuig a árthach. Laistigh de chúpla nóiméid, chuaigh MV Sea Breeze III go tóin poill, agus a deireadh báite ar dtús, i thart ar 80 m d'uisce, i suíomh thart ar 2.9 míle farraige (NM) ar an taobh thuaidh d'Oileán Sceilg Bheag. Cuireadh an EPRIB i ngníomh ag 09.38 nuair a chuaigh an t-árthach go tóin poill. |

# Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh 2024

## An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024

Tá achoimre sna táblaí seo a leanas ar eolas atá foilsithe i dtuarascálacha, le forléargas a thabhairt ar an méid sin. Is féidir breathnú ar thuarascálacha iomlána ar shuíomh gréasáin MCIB www.mcib.ie

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Aquila** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 30 Eanáir, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta > 15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 7 Samhain, 2021 |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an FV Aquila, le cúigear criú ar bord, calafort iascaireachta Bhréantrá, Co. Chorcaí ag thart ar 21.00 tráthnóna an 6 Samhain 2021 chun iascaireacht a dhéanamh ar an taobh ó dheas de Rigí Gáis Chionn tSáile. Ag thart ar 12.00 ar an 7 Samhain, bhí an t-árthach iascaireachta ag na láithreacha iascaireachta agus bhí an criú ag tarraingt an dara gabháil den lá ag baint úsáid as craein láimhseála eangaí an árthaigh nuair a chaill córas hiodrálach an chraein brú ola hiodrálach go tobann, rud a d'fhág gur ísligh jib agus ceann cumhachta na craenach go neamhrialaithe isteach sa talamh, rud a sháinnigh ball den chriú idir an ceann cumhachta agus bun na deice a bhí ag tacú leis an druma eangaí. D'fhulaing an ball den chriú gortuithe brúite.<br><br>Chuaigh an Scipéir i dteagmháil le Raidió Gharda Cósta Chorcaí (CGR) trí raidió an-ardmhinicíochta ag 12.38 ag cur in iúl dóibh faoin teagmhas agus ag iarraidh aslonnú míochaine don bhall criú gortaithe. Ag thart ar 15.00 thóg ingearán tarrthála R115 de chuid IRCG an ball criú gortaithe i dtír go hOspidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) le haghaidh cóireáil leighis. Scaoileadh saor é ó CUH ar an 8 Samhain, mar gur measadh go raibh sé aclaí le heitilt abhaile agus d'fhill sé ar na hOileáin Fhilipíneacha le teacht chuige féin. Tháinig sé chuige féin agus tá sé ar ais ag obair mar iascaire ar bord árthach iascaireachta atá cláraithe in Éirinn ó shin. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Gortú tromchúiseach amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Tharla an teagmhas mar thoradh ar chailliúint sreabháin ón príomhshorcóir hiodrálach jibe a tharla idir an sorcóir agus an chomhla choiscthe. Nochtann suíomh bhloc comhla an phríomhshorcóra faoin bpríomhshorcóir hiodrálach an bloc comhla agus a phíobáin chruach ghaolmhara do dhamáiste meicniúil. Is foinse teipe é úsáid naisc shnáithithe mar gheall ar chruthú ardaitheoirí struis agus tá an baol ann freisin go ndéanfaí ró-thorc ar an nascóir snáithithe agus an feistiú á shuiteáil.<br><br>Ní thugann suíomh rialaithe ardaithe oibreoir na craenach ar Dheic Chábán Stiúrach radharc soiléir don oibreoir ar an limistéar oibre iomlán thart timpeall ar na heangaí gaiste atá suite ar Phríomhdheic (oibre) an árthaigh. Ní dhearnadh measúnú riosca leordhóthanach nuair a suiteáladh an chraein den chéad uair mar nach raibh radharc soiléir ar dhromchlaí íochtaracha na craenach le linn oibríochta aisghabhála na heangaí ó shuíomh rialaithe ardaithe oibreoir na craenach agus níor thug sé léargas spásúil soiléir ar phríomhshorcóir ardaithe na craenach i gcomparáid le balla cosanta nó ráille garda an árthaigh.<br><br>Trí é féin a chur faoi dheic an druma eangaí agus ar thaobh tosaigh na heangaí gaiste, chuir an Ball den Chriú é féin as radharc oibreoir na craenach ach laghdaigh sé a riosca go rachadh sé thar bord. Trí sin a dhéanamh, chuir an Ball den Chriú é féin i mbaol ó jib craenach a bheadh ag rachadh síos sa chás go gclisfeadh ar an gcraein. Léiríonn an fhíric go raibh sé i mbaol cliseadh tobann agus as radharc oibreoir na craenach gur theip air féin (an Ball den Chriú) agus ar oibreoir na craenach an riosca a aithint. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Ardent** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 29 Feabhra, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta > 15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 31 Deireadh Fómhair, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Ag thart ar 15.05 ar an 31 Deireadh Fómhair 2022, d'fhág an FV Ardent Calafort Phort Oirialla, Ceann Chlochair, Co. Lú le ceathrar ball den chriú ar bord, chun tús a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta i Muir Éireann. Ag 15.15, chuir an Scipéir agus ball den chriú tús le níochán agus glantachán an umair mar ullmhúchán d'athlíonadh umair Sáile Cuisnithe (RSW) le sáile. Bhí méid beag sáile fágtha laistigh den umar lárnach. Ansin, d'oibrigh an Scipéir caidéal urscaoilte an umair, ag scaoileadh an uisce thar bord. Chuaigh an Ball den chriú isteach sa umar lárnach tríd an haiste bheag ar an deic, chun roinnt iarsmaí éisc a bhí gafa sa chóras fuaraithe a bhailiú. Agus é thíos san umar thit sé ar urlár an umair gar don dréimire.<br><br>Pléadh plean aisghabhála féideartha agus chomhaontaigh na baill eile den chriú é. Chuir ball amháin den chriú úim shábháilteachta air agus cheangail sé líne aisghabhála a raibh ball eile den chriú le feidhmiú. Chuaigh ball eile den chriú isteach sa umar trí dhul síos ar an dréimire. Agus iarracht á déanamh riocht an chéad bhall den chriú a mheas, bhí tionchar ag an atmaisféar laistigh den umar ar an dara ball den chriú. Rinne sé iarracht láithreach dreapadh suas an dréimire chun éalú. Nuair a bhí sé leath bealaigh suas an dréimire, chaill sé a mhothú agus tharraing an tríú ball den chriú suas é tríd an líne a bhí ceangailte leis an úim. Thug an Scipéir agus an tríú ball den chriú an dara ball den chriú ar ais chuig an deic. D'fhill an t-árthach ar Phort Oirialla agus tharraing na seirbhísí tarrthála, a raibh fearas análaithe acu, an chéad bhall den chriú as an umar. Ag thart ar 16.40 tugadh an bheirt bhall criú den chriú a bhí gortaithe chuig an ospidéal áit ar tugadh cóir leighis dóibh. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Beirt bhall den chriú gortaithe |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Scaoil an FV Ardent iasc amach ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 in Ard Ghlas, Co. an Dúin. Rinneadh sruthlú an chórais ar an 25 agus an 26 Deireadh Fómhair. Is cosúil gur fhan roinnt táirge/ábhair i bpíopaí nó in umair an chórais RSW. Rinneadh glanadh agus ullmhúchán breise ar an umar ar an 31 Deireadh Fómhair agus le linn an phróisis seo scaoileadh meascán de tháirgí éisc agus sáile ina raibh gás intuaslagtha isteach i spás lárnach an umair. Chuidigh achar dromchla leachtach agus corraíl an ábhair a bhí fágtha sa chóras le scaoileadh gás isteach sa spás umair.<br><br>Foinse Dhóchúil an Phlúchta: Coinníodh meascán d'iasc lofa agus sáile i gcodanna de phíobáin, fuaraitheoir agus cófra comhla an chórais RSW faoin deic foscaidh ar feadh tréimhse fhada (thart ar 150 uair an chloig), ag teocht de thart ar 15°C. Tháirg sé seo leibhéil chontúirteacha de gháis thocsaineacha. Nuair a scaoileadh an meascán le linn ghlanadh agus ullmhú an chórais, trí idirleatóir uachtarach agus íochtarach an chórais RSW, scaoileadh an gás intuaslagtha laistigh den leacht toisc gur tháinig an leacht ina shruth. Scaoileadh an t-uisce a bhí fágtha thar bord, ag ceapadh na ngás scaoilte a bhí níos troime ná aer, ag leibhéil níos ísle laistigh den umar. Bhuail an t-atmaisféar tocsaineach an bheirt Taismeach nuair a d'ísligh a gceann isteach sa linn thocsaineach. Sáraíodh an chéad taismeach agus í ag dul faoi chláir lár an umair. Sáraíodh an dara Taismeach nuair a bhí riocht an chéad Taismeach, a bhí ina luí ar urlár an umair, á sheiceáil. Bheadh aeráil bhreise curtha ar fáil faoi na deiceanna mar gheall ar na gníomhartha a rinne baill an chriú, lena n-áirítear oscailt haistí agus bealaigh bhreise. Ní raibh aon trealamh tarrthála spáis dúnta ná gaireas análaithe ar an árthach. Cuireadh tús le hiarracht tarrthála/aisghabhála, agus chuir ball den chriú úim sábháilteachta air féin, agus ceanglaíodh é le rópa aisghabhála a raibh duine á fheidhmiú ar an deic. Cé gur chabhraigh sé seo lena aisghabháil ón umar, bhí amhras ann faoi riocht agus oiriúnacht na húma a bhí in úsáid. D'fhéadfadh iarmhairtí i bhfad níos tromchúisí a bheith ag an teagmhas seo murach gaireacht agus freagairt na seirbhísí éigeandála, an t-achar gearr go dtí an roinn timpistí agus éigeandála mar aon le cuid de na gníomhartha a rinne an criú ar bord. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **An tÁrthach Seoil Inish Ceinn** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 26 Márta, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 6 Meitheamh, 2023 |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an luamh seoil Inis Ceinn Dún na Séad, Co. Chorcaí ar an 6 Meitheamh 2023 ar 14.00 le dul ar thuras gearr go Cléire. Máistir-luamh agus tumadóir a bhí cáilithe agus a raibh taithí aige ab ea an Scipéir. Bhí triúr eile a raibh taithí acu ar bord agus aoi amháin. Bhí an aimsir measartha ón oirthear agus tugadh an luamh amach as Calafort Dhún na Séad, agus ansin chuaigh sí siar ar an gcúrsa pleanáilte i dtreo Oileán Chléire. Bhí an cúrsa pleanáilte thart ar 0.5 míle ó chósta theas Inis Arcáin.<br><br>Thart ar 14.30 thug an Scipéir faoi deara gur mhoilligh an luamh go han-sciobtha agus gur thiontaigh sé isteach chun na gaoithe. Ní raibh aon rud le feiceáil san uisce, mar sin cuireadh an t-inneall ar siúl, agus cuireadh an lián i ngníomh. Braitheadh creathadh agus mothaíodh boladh dó. Múchadh an t-inneall agus bhí an luamh curtha ó ghuaiseacht. Bhrúigh an ghaoth agus an tonn an luamh go tapa i dtreo na gcarraigeacha agus chuaigh an luamh i dtír. D'éirigh le ceathrar acu siúd a bhí ar bord dul ar na carraigeacha agus sheol an Scipéir teachtaireacht MAYDAY ar an raidió an-ardmhinicíochta. Chuaigh sé ar na carraigeacha freisin.<br><br>Thug an Scipéir faoi deara ansin go raibh an chabhail tachta ag trál mór. Tháinig bád tarrthála Dhún na Séad chun tarrthála agus bhí an t-ingearán tarrthála R115 ar an láthair chomh maith. D'aistrigh an bád tarrthála an cúigear ó na carraigeacha agus thóg arís go Dún Séad iad. Briseadh an luamh as a chéile agus cailleadh é. Níor gortaíodh aon duine go dona agus ní raibh aon truailliú ann. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Ba é trál ar snámh a chuaigh i bhfostú i mbun an luamh ba chúis leis an taisme seo. B'eangach mhór í seo, agus chuir sí an t-árthach ó ghluaiseacht go hiomlán. Bhrúigh an ghaoth agus na tonnta an t-árthach go gasta i dtreo na gcarraigeacha agus ní raibh mórán a d'fhéadfaí a dhéanamh chun smacht a fháil air. A bhuí leis an taithí agus an freagra socair a thug an Scipéir, cinntíodh gur tugadh an cúigear ar bord i dtír go sábháilte ar na carraigeacha i gcás thar a bheith deacair agus rinne sé cás i bhfad ní ba thromchúisí a bhféadfadh cailleadh beatha a bheith mar thoradh air chosc.<br><br>Bhris an t-árthach toisc go raibh de shíor ag bualadh i gcoinne na gcarraigeacha. Ba é an trál a caitheadh amach mar bhunchúis na taisme sin. Dá mbeadh an trealamh iascaireachta seo caite amach i gceart ar an mórthír nó dá mbeadh sé tuairiscithe agus aisghafa dá gcaillfí é de thaisme, d'fhéadfaí an teagmhas seo a chosc. Ní féidir foinse na heangaí a aimsiú mar nach raibh aon chlibeanna uirthi agus níl aon taifead ann gur tuairiscíodh í d'aon údarás Éireannach. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Árthaí Rámhaíochta Abhainn na Gaillimhe** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 17 Aibreán, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthaí Rámhaíochta |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 14 Eanáir, 2023 |
| **ACHOIMRE** | Ar an 14 Eanáir 2023, seisiún traenála sceidealaithe ar abhainn do dhá bhád rámhaíochta iomaíocha ba chionsiocair le teagmhas muirí inar cailleadh an dá bhád rámhaíochta. Bhí baol báis ann do dhaoine a bhí ag oibriú árthaí áineasa in uiscí Éireannacha nó an baol ann go mbainfeadh gortú tromchúiseach dóibh.<br><br>Bhí córas casta agus fadhb maidir le normalú riosca – inar éirigh iompar contúirteach ní b’inghlactha de réir a chéile – tar éis teacht chun cinn i ngníomhaíochtaí rámhaíochta thart ar Chora Bradán na habhann, go háirithe agus ardrátaí sreafa na habhann ann agus le linn teochtaí ísle mhíonna an gheimhridh.<br><br>Dá bharr, cé go mb’fhéidir go mbeadh an chuma ar chúrsaí ar dtús nach raibh ann ach na báid rámhaíochta ó dhá chlub ag casadh ar a chéile ar shlí neamhurchóideach, ceann acu ag dul suas an abhainn agus an ceann eile ag filleadh an treo eile, thit sraith dheiridh eachtraí amach a d’fhág gur cailleadh dhá bhád rámhaíochta agus go raibh baol an bháis ann nó an baol go mbainfeadh gortú tromchúiseach do chriúnna an dá bhád seo. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Bhí córas casta forbartha timpeall ar ghníomhaíochtaí rámhaíochta ar Abhainn na Gaillimhe, agus an tsábháilteacht ag brath ar idirghníomhaíocht idir na tosca scaipthe. Bhí ceist maidir le normalú riosca tar éis teacht chun cinn maidir le gníomhaíochtaí rámhaíochta i ngar don chora, go háirithe agus ardrátaí sreafa na habhann ann agus le linn teochtaí ísle mhíonna an gheimhridh.<br><br>D’fhéadfadh easpa GSPanna a bheith ina ghné chúiseach sa teagmhas taisme mhuirí seo. Bhí triúr ball den chlub ar snámh ag Club Bád Ollscoil na Gaillimhe nach raibh an GSP, a cheanglaítear orthu a bheith acu faoin reachtaíocht ábhartha, á chaitheamh acu. Ní raibh GSP á chaitheamh ag aon duine de na hocht rámhaí sa dá bhád rámhaíochta, agus ní raibh siad faoi cheangal ag an reachtaíocht ábhartha déanamh amhlaidh mar gheall ar an díolúine a bhaineann le rámhaithe sa chineál seo báid rámhaíochta iomaíoch. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Luamh Seoil Jelly Baby** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 11 Meitheamh, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 24 Deireadh Fómhair, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Ar an 24 Deireadh Fómhair 2021, bhí an luamh Jelly Baby, le naonúr ar bord, ag glacadh páirt sa rás deireanach de Shraith an Fhómhair 2021 i gCuan Chorcaí. Agus iad ag teacht timpeall an tríú marc den ráschúrsa, bulla W2, bhí an criú ag ullmhú le seolta a athrú nuair a tháinig deacrachtaí orthu gennaker (seol cosúil le spionacar) a rigeáil, ar cineál seoil le cóir na gaoithe é. Agus iarrachtaí ar siúl leis na deacrachtaí seo a shárú, chuaigh an gennaker agus an Fear Tosaigh thar thaobh an luaimh. Tharraing an criú an Fear Tosaigh ar ais ar bord ach chuaigh an gennaker i bhfostú timpeall na cíle, an stiúir agus an liáin agus chuir sé sin an luamh as an bhfeidhm le gluaiseacht. Sheol an luamh gann ar an ngaoth go dtí an port i dtreo an chladaigh agus go gairid ina dhiaidh sin chuaigh sé i dtír ar chladach fos ag an Tarbh ag Rinn na bhFíodóirí ar an taobh thiar de bhealach isteach Chuan Chorcaí.<br><br>D'éirigh leis an gcriú an Fear Tosaigh a thabhairt ar ais, agus níor gortaíodh an criú, ach d'fhan an luamh ar talamh go dtí gur shnámh sé ar an taoide tuile ina dhiaidh sin agus ansin tarraingíodh go Bun an Tábhairne é. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Fuair imscrúdú MCIB príomhfhachtóirí cúiseacha ba chúis le Fear Tosaigh agus a chriú a bheith curtha i mbaol agus an dul i dtír agus cailliúint an luaimh, Jelly Baby: a) Ní raibh freagairt an chriú ar thimpistí seoltóireachta comhsheasmhach leis an méid a mbeifí ag súil leis ó chriú luaimh atá oilte i gceart. Chuir an cur isteach, a thosaigh mar gheall ar háilléar gafa, tús leis an tsraith imeachtaí. Ina dhiaidh sin, d'imigh an Fear Tosaigh thar an taobh agus é ag coinneáil greim air agus é ag iarraidh an seol a aisghabháil san uisce. b) Beag beann ar pholasaí Seoltóireachta Éireann a léiríonn na saincheisteanna maidir le cibé ar cheart teaghráin a chaitheamh nó nach ceart agus faoi na himthosca, is fíor fós nach raibh teaghrán á chaitheamh ag an bhFear Tosaigh, rud a d'fhág go raibh an cás riosca i bhfad níos mó agus a chuir leis na cinntí a rinneadh. c) Bhí an criú sáraithe ag na himeachtaí seo agus theip orthu freagairt dóibh i gceart ar bhealach pras agus éifeachtach mar a bhí riachtanach sa chás. Easpa oiliúna ag an gcriú chun smacht a choinneáil ar an luamh, nó é a stopadh, agus déileáil go cuí leis na tionóiscí de réir mar a tharla siad. d) Bíodh is go sonraítear an léirmhíniú agus an cur i bhfeidhm difriúil ar Duine i bhFarraige ar Teaghrán/duine i bhfarraige ag an MCIB, chuir easpa nós imeachta MOB nó bainistíocht géarchéime isteach ar chumas an chriú chun sraith tionóiscí a bhí ag dul i méid a bhainistiú go héifeachtach. e) Easpa gníomhartha cuí ón gcriú agus a n-easpa oiliúna do na cineálacha imeachtaí seo.<br><br>Is é an duine atá i gceannas/scipéir an luaimh atá ag glacadh páirt i rás atá freagrach go príomha as sábháilteacht agus oiliúint an chriú. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil an rás nó an t-imeacht á reáchtáil ag club faoina rialacha agus a threoracha, bíonn tionchar aige (tionchar an-mhór b'fhéidir) ar ghnéithe sábháilteachta. Níor léirigh Club Luamh Ríoga Chorcaí go raibh cothromaíocht chuí ann idir riosca agus iomaíochas a bhí ag teastáil sna coinníollacha a bhí ann. Ba cheart go raibh machnamh déanta ar chaitheamh GSPanna a dhéanamh ina bheart éigeantach. Chomh maith leis sin, ba cheart go raibh aird tugtha don chás nach ndéanann an Club aon mhaoirseacht maidir le hoiliúint an chriú agus go bhféadfadh easpa measúnuithe riosca níos fearr nó níos ciallmhaire a bheith mar thoradh ar an réimeas neamhscríofa maidir le teaghráin a chaitheamh. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Cé Leacan** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 3 Iúil, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 16 Iúil, 2023 |
| **ACHOIMRE** | Seoladh bád áineasa ó Ché Leacan i gCo. Mhaigh Eo thart ar 10.20 ar an 16 Iúil 2023 le go mbeadh beirt in ann tabhairt faoi lá slatiascaireachta farraige. Seoladh an bád ó leantóir a bhí á tharraingt ag tarracóir. Bhí an Taismeach (úinéir an bháid) ag tiomáint an tarracóra, agus bhí an Marthanóir sa bhád a bhí ar an leantóir. Tar éis a sheolta, rinne an Marthanóir iarracht an bád a choinneáil in aice na cé, rud nár éirigh leis a dhéanamh, fad a bhí an Taismeach i mbun tarracóir agus leantóir an tseolta a pháirceáil. Agus an tarracóir agus an leantóir páirceáilte, rinne an Taismeach iarracht dul ar bord an bád a bhí ag imeacht le sruth agus chuaigh sé isteach san uisce ag céimeanna na Cé Thoir. Chuaigh sé i sáinn agus scuabadh amach chun farraige é. D'imigh an bád, agus an Marthanóir ar bord, le sruth chun farraige.<br><br>Cuireadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas faoin teagmhas ag duine den phobal (MOP) agus cuireadh ingearán tarrthála Chill Ala agus héileacaptar tarrthála R118 Shligigh i mbun ghnímh. Tháinig an bád a bhí imithe le sruth i dtír i dTrá Cheall agus an Marthanóir fós ar bord. Go gairid ina dhiaidh sin, thóg R118 an Taismeach ón uisce agus aistríodh é chuig Ospidéal Ollscoile Shligigh mar ar fógraíodh marbh é. Thóg R118 an Marthanóir ó Thrá Cheall agus aistríodh é chuig Ospidéal Ollscoile Shligigh le cóir leighis a fháil. Ina dhiaidh sin scaoileadh saor é agus d'fhill sé ar an nGearmáin, áit a raibh cónaí air. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Mar thoradh ar an teagmhas seo, fuair duine bás, agus is dócha gur bá ba chúis leis. Chuaigh an Taismeach i sáinn tar éis dó dul san uisce agus é ag iarraidh dul agus/nó snámh go dtí an bád, a bhí ag imeacht amach san fharraige. Ba é an teip líne nó téadán feistithe a dhaingniú ar an gcladach, chomh maith leis an inneall a ísliú agus a bheith réidh le húsáid le linn nós imeachta lainseála an bháid, an fachtóir ba chúis leis an eachtra seo. Dá mbeadh GSP/seaicéad tarrthála á chaitheamh ag an Taismeach, is mó a sheans go dtiocfadh sé slán ón teagmhas. Dá mbeadh an Marthanóir ag caitheamh GSP/seaicéad tarrthála, a) b'fhéidir go ndéanfadh an Taismeach an riosca dá chomrádaí a mheas ar bhealach difriúil agus b'fhéidir nach mothódh sé gá dul san uisce, agus b) b'fhéidir go bhfágfadh an Marthanóir an bád sular imigh sé as a smacht agus/nó sula ndeachaigh sé rófhada ón gcé agus é fós san uisce inarbh fhéidir leis siúil ann.<br><br>Dá mbeadh bonnán ceo nó bladhaire éigeandála ar an mbád, b'fhéidir go mbeadh an Marthanóir in ann an Taismeach a chur ar an eolas níos luaithe go raibh sé ag imeacht le sruth gan aon smacht aige ar an mbád. B'fhéidir go mbeadh sé in ann MOP a chur ar an eolas freisin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le glaoch a bheith curtha ar na seirbhísí éigeandála níos luaithe nó ceann a chuirfeadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas go raibh duine éigin san uisce. Ní raibh fón póca ag an Marthanóir ach an oiread, cé go mb'fhéidir nach raibh a fhios aige conas glaoch ar na seirbhísí éigeandála. Ba ghné a chuir leis an scéal é an easpa áiseanna cumarsáide. B'fhéidir go spreagfadh comharthaíocht ar an gcé, ag tabhairt ar dhaoine seaicéid tarrthála a chaitheamh, an Taismeach agus an Marthanóir chun na seaicéid tarrthála a bhí ar fáil dóibh a chur orthu.<br><br>Cé gur ullmhaíodh an bád go leordhóthanach don iascaireacht mhara i mBá Chill Ala, bhí teip sa phleanáil mhionsonraithe don seoladh agus go háirithe maidir le gníomhartha in éigeandálaí agus na dálaí a bhí i réim. Bhí easpa eolais, oiliúna, taithí, agus easpa eolais réamh-imeachta ar rialuithe agus oibriú an innill ina gcúis le neamhábaltacht an Mharthanóra cabhrú le hoibríochtaí an bháid. Pleanáil neamhleor ba chúis leis an teagmhas sin. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Séimi** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 22 Lúnasa, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta 14.9 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 4 Feabhra, 2023 |
| **ACHOIMRE** | Tráthnóna an 4 Feabhra 2023 ag thart ar 20.00, bhí an FV Séimi ag caitheamh sraith potaí portán thart ar 60 NM ó thuaidh/siar ó thuaidh ó Oileán Árainn Mhór amach ó chósta thiar thuaidh na hÉireann. Agus an obair ar bun leis na potaí a chaitheamh, theastaigh ball amháin den chriú ar deic le bheith cinnte go rachadh na potaí gan stró ón deic fad is a bhí ball eile den chriú ag ainliú an árthaigh. Chuir méid agus tógáil an árthaigh ar chumas an bhaill den chriú sa chábán stiúrach cumarsáid a dhéanamh ó bhéal leis an mball den chriú ar deic. Ina theannta sin, bhí an ball den chriú sa chábán stiúrach in ann monatóireacht amhairc a dhéanamh ar an deic trí cheamara ar an deic agus monatóir sa chábán stiúrach. An ócáid seo bhí an tríú ball den chriú ina shuí ag bealach isteach an chábáin stiúraigh.<br><br>Agus an pota deireanach ag imeacht ón deic, chuaigh an ball criú ar an deic i bhfostú sa rópa a bhí ceangailte leis an bpota agus tarraingíodh thar an taobh é agus isteach san uisce. Stopadh an t-árthach láithreach, agus rinneadh iarracht an duine i bhfarraige a fháil ar ais. Níor éirigh leis seo agus cailleadh teagmháil leis an duine i bhfarraige. Faoin am seo séideadh an t-aláram ar bord agus chabhraigh an bheirt eile den chriú le cuardach a dhéanamh ar an duine i bhfarraige. Ní raibh GSP á chaitheamh aige. Chonacthas an duine i bhfarraige achar gearr ón árthach agus tugadh ar ais go rathúil é ar bord. Mheas an criú nár fhan an Taismeach san uisce ar feadh níos mó ná 15 nóiméad. Rinneadh Athbheochan Chardascamhógach (CPR) agus fuarthas comhairle trí ghuthán satailíte ó MEDICO Cork, an tAonad Tacaíochta Teile-leighis Éigeandála 24 uair an chloig, trí Gharda Cósta Chionn Mhálanna. In ainneoin iarrachtaí an chriú, níor mhair an Taismeach. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Tá oibleagáid ar úinéir nó ar mháistir aon árthaigh iascaireachta atá cláraithe in Éirinn a chinntiú go bhfuil dóthain criú cáilithe ar bord, ag féachaint don chineál agus don fhad turais a dhéantar. Níor chomhlíon Úinéir FV Séimi an oibleagáid seo. Ní raibh an tÚinéir ar an eolas faoi cé acu de na baill den chriú, más ann dóibh, a raibh cáilíochtaí iascaireachta nó muirí acu agus ní fhéadfadh sé doiciméid a sholáthar chun tacú le cáilíochtaí ná oiliúint aon bhall amháin dá chriú reatha nó iarbhaill chriú. Fágadh faoin Scipéir a chinntiú go raibh criú cáilithe ar bord agus ní raibh sé in ann ach cárta oiliúna sábháilteachta de chuid Bhord Iascaigh Mhara (BIM) a thabhairt dó féin agus do bhall amháin eile den chriú. Tá an Cód Cleachtais (CoP) an-soiléir gurb é úinéir an árthaigh atá freagrach as sábháilteacht chriú an árthaigh.<br><br>Braitheann bailíocht Dearbhaithe Comhlíontachta (DoC) a eisítear faoin CoP ar an árthach a bheith á chothabháil, á threalmhú agus á oibriú i gcomhréir leis an gCód agus leis an Dearbhú. Is é freagracht an úinéara é sin a chinntiú. Ós rud é nach raibh ach ceann amháin de na huimhreacha cárta BIM atá liostaithe ar an DoC ar bord an árthaigh tráth an teagmhais agus nach raibh cárta BIM ag triúr as cúigear den chriú, níor lean an t-árthach de bheith ag comhlíonadh cheanglais an Chóid maidir le foireann, oiliúint agus deimhniú.<br><br>Tá sé ríthábhachtach go nglacann úinéirí, máistrí/scipéir agus fostóirí árthaí iascaireachta faoi bhun 15 méadar leis an tsábháilteacht ar bord ar dhóigh dháiríre agus go n-oibríonn siad a gcuid árthaí ar bhealach gairmiúil. Sa chás seo, léiríonn easpa criú cáilithe go leordhóthanach agus mainneachtain an árthaigh cloí leis an CoP, mar aon leis an easpa cleachtaí, oiliúna foirmiúla, measúnaithe riosca, taifead agus caighdeáin sábháilteachta, go raibh an cultúr sábháilteachta ar bord FV Séimi faoi bhun na gcaighdeán ar chóir a bheith ag súil leo ar bord árthaigh iascaireachta tráchtála. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Cé na Broclaise** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 22 Lúnasa, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 28 Meán Fómhair, 2023 |
| **ACHOIMRE** | Bhí úinéir an mhótarbháid áineasa ina aonar ar bhord a árthaigh nuair a thit sé thar bord. Bádh é. Tharla sé seo idir 15.30 agus 16.30 Déardaoin, an 28 Meán Fómhair 2023. Bhí an t-árthach ina áit feistithe thart ar 50 m ar shiúl ón gcladach i gceantar tuaithe cóngarach do Ché na Broclaise, Co. Dhún na nGall. Bhí na dálaí aimsire go holc. Bhí gaotha Fhórsa 6 ann chomh maith le séideáin suas le 35 kts. Bhí Rabhadh um Árthaí Beaga i bhfeidhm. Múnla ní ba shine de mhótarbhád áineasa a bhí san árthach. Ní raibh aon slí ann a bheadh inrochtana ná indéanta do dhuine san uisce le dul ar ais ar bhord an árthaigh gan cúnamh a fháil ó dhuine eile. Ní raibh GSP ar an Taismeach, ní raibh aon mhodh aige chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus níor chuir sé duine ar bith cois cladaigh ar an eolas faoina chuid pleananna. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Bhí an Taismeach ag oibriú ina aonar i mótarbhád áineasa, i ndrochaimsir, nuair a thit sé i bhfarraige fhuar agus bádh é. Ní raibh GSP á chaitheamh aige, ní raibh aon mhodh aige chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus níor chuir sé duine ar bith cois cladaigh ar an eolas faoina chuid pleananna. Thug úinéir mhótarbhád áineasa eile, a bhí tar éis teacht i dtír, cás an Taismigh faoi deara agus chuaigh sé ar farraige arís chun an scéal a fhiosrú. Níor aisfheistíodh árthach an Taismigh le go mbeifí in ann dul ar bord arís gan chúnamh ar shlí a bheadh inrochtana, nó indéanta, do dhuine san uisce. Mar gheall ar aois árthach an Taismigh, is ionann go raibh sé ann sular tugadh isteach caighdeáin nua-aimseartha dearaidh chun an baol go dtitfear i bhfarraige a mhaolú agus chun cabhrú le daoine dul ar bord arís. Ní raibh aon cheanglas ar an Taismeach, ná ar úinéir aon árthaigh áineasa, measúnú cúlghabhálach a dhéanamh ar a n-árthach de réir caighdeáin dearaidh a tugadh isteach i ndiaidh thógáil an árthaigh toisc gur tháinig caighdeáin nua i bhfeidhm.<br><br>Léiríonn anailís MCIB ar an bhfaisnéis atá ar fáil gur dhócha gur thit an Taismeach i bhfarraige agus é i mbun gníomhaíochtaí ar an mbád sular scaoil sé snaidhm bhólaine an árthaigh óna bhaoi feistithe. Mar gheall ar chúinsí an teagmhais seo, ní rabhthas in ann a dhéanamh amach conas go baileach a thit an Taismeach i bhfarraige agus cé acu a raibh nó nach raibh spreagthóir chorda an dromlaigh, feiste leighis a bhí ag an Taismeach, mar thoisc chúisíoch nó rannpháirteach.<br><br>Meascán de na tosca cúisíocha agus rannpháirteacha seo a leanas ba chúis leis an taisme muirí seo: 1. Titim i bhfarraige fhuar. 2. Ag oibriú ina aonar, i ndrochaimsir. 3. Easpa oiliúna foirmiúla agus easpa pleanála i leith an turais. 4. Trealamh uireasach sábháilteachta agus éigeandála, is é sin gur fágadh na nithe seo a leanas ar lár: GSP; bealach chun éigeandáil a fhógairt, i bpearsa trí raidió an-ardmhinicíochta, trí Rabhchán Aimsithe Pearsanta nó ar an nguthán; agus bealach le dul ar bhord árthaigh arís ón uisce gan chúnamh. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Ellie Adhamh** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 31 Deireadh Fómhair, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta > 15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 26 Márta, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Bhí FV Ellie Adhamh agus an seachtar ball den chriú ag trálaeireacht i gcomhair cloicheán ó dheas den Bhanc Porcupine amach ó chósta thiar Chontae Chorcaí, tar éis dóibh tús a chur leis an turas ar an 13 Márta 2021. Thart ar 20.00 ar an 25 Márta 2021, rinne an criú an trálaeireacht dheireanach sular fhill siad ar chaladh baile an árthaigh i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Bá Bheanntraí nuair a chlis ar chumhacht leictreach an árthaigh, cliseadh a chuaigh i bhfeidhm ar shoilse agus ar threalamh dheic mhór agus dheic chábán stiúrach an árthaigh. Casadh córas cadhnra éigeandála an árthaigh air agus thug sé cumhacht do chóras soilse éigeandála an árthaigh agus do threalamh riachtanach slándála eile. Mar sin féin, ní raibh an Scipéir in ann an ghnáthchumhacht phríomhlíonra a dheisiú.<br><br>Thart ar 06.00 Dé hAoine, an 26 Márta, bhí na príomhchadhnraí éigeandála caite agus múchadh na rialtáin mar gheall air sin. Bhí an criú faoin deic sa dorchadas. Bhí an aimsir agus na dálaí farraige ag dul in olcas. Chuaigh an Scipéir ar FV Ellie Adhamh i dteagmháil leis an Úinéir chun tuga a shocrú. Mar gheall ar an aimsir, bhí FV Ellie Adhamh ag luascadh go trom agus ag ligean uisce isteach ar an deic mhór. Bhí an soláthar leictreachais do na caidéil ruma in umair dhraenála na deice próiseála fós ag feidhmiú, ach bhí deacrachtaí ag an gcriú an deic phróiseála a choimeád glan. I ndiaidh 06.00 ar an Aoine an 26 Márta, chlis ar an soláthar leictreachais do na caidéil ruma in umair dhraenála na deice próiseála agus ní raibh an criú in ann an sáile a tógadh ar bord a chaidéalú thar bord.<br><br>An mhaidin dár gcionn, Dé Sathairn an 27 Márta 2021, chuir ingearán tarrthála R115 trealamh caidéalúcháin tarrthála éigeandála agus raidiónna láimhe an-ardmhinicíochta ar fáil don árthach agus réitigh árthach patróil cabhlaigh LÉ George Bernard Shaw téad tarraingthe. Thosaigh an t-árthach iascaireachta ag luí go trom le linn na hoibríochta tarraingthe agus d'éirigh sábháilteacht an chriú ina húdar mór imní do na tarrthálaithe, go háirithe i bhfianaise na ndálaí contúirteacha aimsire.<br><br>Ar 18.55 Dé Sathairn, aeraistríodh an criú ón árthach a bhí ag liostáil agus tugadh chun sábháilteachta iad, i dtír. Ar 10.55, Dé Domhnaigh an 28 Márta, chuaigh FV Ellie Adhamh go tóin poill amach ón Tarbh ar chósta thiar Chontae Chorcaí. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ceann ar Bith |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Mar gheall ar na tosca seo a leanas, cuireadh an seachtar ball den chriú i mbaol agus, dá bharr sin, iad siúd a ghlac páirt san oibríocht fhairsing chuardaigh agus tarrthála, agus, ar deireadh thiar, ba iad an chúis go ndeachaigh FV Ellie Adhamh go tóin poill.<br><br>An cliseadh leictreach ar an árthach agus faillí in imscrúdú a dhéanamh ar chúis na gclistí leictreacha a tharla go mion minic roimhe. Níor earcaíodh scipéir ar an árthach a raibh na cáilíochtaí agus an oiliúint iomchuí aige, bhí easpa oiliúna ag an gcriú maidir le héigeandálaí agus bhí easpa líofachta ag an gcriú sa Bhéarla.<br><br>Easpa eolais nó oiliúna an Scipéara agus an chriú maidir le nósanna imeachta éigeandála le go bhféadfaidís an córas rialaithe tiomána agus córas rialaithe an liáin céime inrialaithe a oibriú nuair a chlis ar an soláthar cumhachta. Ní rabhthas in ann bád sásúil tarraingthe a shocrú go déanach Déardaoin, an 25 Márta, nó go luath maidin Dé hAoine, an 26 Márta, agus ní dhearnadh imscrúdú ná plean tacaíochta, rud a d'fhág go rabhthas ag brath go hiomlán ar théad tarraingthe a fháil ó bhád eile.<br><br>Toisc nár dúnadh gach bearna uiscedhíonach agus aimsirdhíonach laistigh agus lasmuigh den árthach nuair a chlis ar an soláthar leictreachais, ligeadh don uisce teacht isteach agus sruthú go hurranna eile, an urrann chónaithe san áireamh, cuireadh le liosta an árthaigh, agus ba é ceann de na cúiseanna a ndeachaigh an t-árthach go tóin poill. Fánán scaoilte dramhaíola thar bord a bhí lochtach agus dearadh chlúdach an fhánáin, mar aon leis na tréithe dearaidh agus seasmhachta a |

| | |
|---|---|
| | bhí mar chúis le teacht isteach an uisce. Easpa tuisceana an Úinéara, is cosúil, maidir le tréithe seasmhachta an árthaigh, agus athruithe a rinne an t-úinéir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an tseasmhacht.<br><br>Toisc nár iarradh faomhadh an Aire i leith na n-athruithe, agus toisc nár cuireadh an tAire ar an eolas maidir leis na hathruithe sin nuair a rinneadh iad, ba dhócha gur eisiadh iad ó imscrúdú um fhaomhadh sábháilteachta de chuid Oifig na Suirbhéireachta Muirí agus ó na suirbhéanna riachtanacha sábháilteachta a dhéantar ar bhonn tréimhsiúil.<br><br>Bhí cliseadh shrian tuála an árthaigh, mar aon leis an aimsir agus na dálaí farraige a bhí ann, mar thosca san eachtra seo. |


| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Excel/MV Petrel Pacific** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 20 Nollaig, 2024 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15 m agus Árthach Lasta Ginearálta |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 6 Lúnasa, 2023 |
| **ACHOIMRE** | D'imigh an FV Excel ó Dhún Mór, Co. Phort Láirge thart ar 23.30 an 5 Lúnasa 2023. Bhí ceathrar ball den chriú ar bord agus bhí sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh i Muir Éireann. Tar éis seoladh faoi lán seoil thar oíche, shroich an t-árthach meánna Smalls. Thart ar 22.00 ar an 6 Lúnasa agus tar éis dó trálaeireacht a chríochnú, bhí an criú ag tarraingt trealaimh ó thrál eile nuair a thug an Scipéir MV Petrel Pacific faoi deara timpeall 5 NM soir ón áit a raibh sé.<br><br>Bhí MV Petrel Pacific ar thuras luchtaithe ó Milford Haven go dtí na Stáit Aontaithe nuair a bhreac an Tríú hOifigeach FV Excel ar an radar thart ar 21.43, agus b'ionann an Pointe tosaigh Ascnaimh is Gaire don árthach agus 0.77 NM. Thart ar 22.05, ghlaoigh an Máistir an Tríú hOifigeach ón droichead chun roinnt cáipéisíochta a chur i gcrích sa chábán cairteanna, agus ag an am seo b'ionann an pointe ascnaimh is gaire do FV Excel agus 0.06 NM. Fágadh mairnéalach inniúil ina aonar ar an droichead le faire a dhéanamh. Thart ar 22.18, ghéaraigh FV Excel ar a luas go 7.0 kts le go bhféadfadh sé eangacha a chaitheamh amach. Thart ar 22.21, d'fhill an Tríú hOifigeach ar an droichead agus thug sé faoi deara go raibh an t-árthach tar éis teacht i ngar do FV Excel. Go luath i ndiaidh don dá árthach bualadh in aghaidh a chéile, d'eisigh Scipéir an FV Excel glaoch MAYDAY an-ardmhinicíochta. Stop an dá árthach agus rinne a gcriú measúnuithe ar dhamáiste. Nuair a dearbhaíodh nach raibh aon uisce tar éis teacht ar bord agus nár gortaíodh aon bhall den chriú, d'fhill FV Excel ar Dhún Mór agus chuaigh MV Petrel Pacific ar ancaire i mBá Bhríde ag feitheamh le suirbhé de chuid an chumainn aicmithe.<br>Ceann ar Bith |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Cé go raibh an damáiste imbhuailte a rinneadh do FV Excel tromchúiseach, dá mba |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | rud é gur ghéaraigh an Scipéir ar luas an árthaigh thart ar nóiméad ní ba luaithe, d'fhéadfadh go rachadh sé trasna cheann MV Petrel Pacific. Cé nach féidir ach tuairimíocht a dhéanamh faoi na hiarmhairtí féideartha, tá fianaise láidir ar fáil san anailís atá déanta ar theagmhais chomhchosúla go mbeadh na torthaí an-tromchúiseach ar fad do chriú an árthaigh iascaireachta, agus go bhféadfadh go mbeadh iarmhairtí marfacha ann. Bhí caighdeán na faire ar an dá árthach easnamhach ar fad agus ba é sin an phríomhchúis leis an imbhualadh. Mar gheall go ndearna criú an dá árthach faillí ina gcuid dualgas faire chuí a dhéanamh, chaill siad feasacht staide.<br><br>Ar bhord MV Petrel Pacific, thug an Máistir tosaíocht do cháipéisí a chur i gcrích seachas faire chuí a choinneáil, agus d'fhág an tOifigeach Faire an droichead ag C-17 nuair a bhí an pointe ascnaimh is gaire do FV Excel laghdaithe go 0.06 NM. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh gur cuireadh an mairnéalach inniúil a bhí ag déanamh faire ar seachrán agus é i mbun comhrá. Ar bhord FV Excel, ó C-22 ar aghaidh, thug an Scipéir agus an criú a n-aird iomlán ar oibríochtaí iascaireachta seachas faire chuí, nó aon fhaire, a dhéanamh. Toisc gur ghéaraigh an Scipéir ar luas an árthaigh ag C-7, chruthaigh sé imbhualadh, i gcás gur bheag nár bhainfeadh imbhualadh dóibh. |

# Comparáidí idir Taismí Muirí 2015 - 2024


| An Cineál Árthaigh | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa Paisinéirí/Árthaí** | | | | | | | | | | |
| Róró (rolladh ann-rolladh as) Idirnáisiúnta | | 10 Ghortú | 1 Bhás | | | | | | | |
| Intíre | | 2 Ghortú | | | | | | | | |
| Árthach Paisinéirí | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | | | | | | 1 Ghortú | | |
| **Fo-Iomlán** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás<br>13 Ghortú** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Ghortú** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** |
| **Lasta Longaa** | | | | | | | | | | |
| Lasta Longa Ginearálta | | | | | | | | 1 Ghortú | | |
| Lastlong Ró-Ró | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Bulciompróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | 1 Bhás | | | | | | |
| Iompróir Cairr | | | | | | | | | | |
| Píolóta/Báirse Bád Oibre | | | | | | | | | | |
| Ardaitheoir Trom | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Ghortú** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** |
| **Árthaí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 méadar | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 3 Bhás<br>2 Ghortú | | 1 Ghortú | 2 Bhás | |
| 15 - 24 méadar | | | | | | 1 Bhás | 1 Ghortú | 1 Ghortú | 1 Bhás | |
| > 24 méadar | 2 Bhás | 2 Bhás | | | | | 1 Ghortú | 2 Ghortú | | |
| **Fo-iomlán** | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **4 Bhás<br>2 Ghortú** | **2 Ghortú** | **4 Ghortú** | **3 Bhás** | **Ceann ar bith** |
| **Árthach Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | | | | | | 1 Bhás | |
| Báid/Cadhcanna Oscailte | | 1 Bhás/<br>1 Ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | | | 3 Bhás | |
| Mótarbhád (Le Léibheann) | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Bhás | 1 Bhás | | | | 1 Bhás | 1 Bhás |
| Bád Seoil | | | | | | | | | | |
| Árthach Pléisiúir Gasta/RIB | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | | | | | |
| **Fo-Iomláin** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **3 Bhás** | **5 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Ghortú** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **5 Bhás** | **1 Bhás** |
| | | | | | | | | | | |
| **Líon iomlán na nEachtraí** | **7** | **15** | **5** | **5** | **10** | **8** | **8** | **11** | **10** | **4** |
| **Líon iomlán na mBásanna** | **5** | **9** | **6** | **8** | **6** | **4** | **0** | **0** | **8** | **1** |
| **Líon iomlán na nGortaithe** | **0** | **14** | **0** | **0** | **1** | **1** | **2** | **6** | **0** | **0** |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí a bhí i gceist** | **7** | **15** | **5** | **5** | **11** | **8** | **8** | **21** | **11** | **4** |

# Treochtaí maidir le Básanna 2015 - 2024


## Longa/Árthaí Paisinéirí





## Lastlonga




## Árthaí Iascaireachta




## Árthach Áineasa



# Aguisín A

Na teagmhais atá leagtha amach thíos, rinne MCIB iad a mheas ach ní dhearnadh iad a imscrúdú. I gcás cuid de na teagmhais seo, bhíothas ag obair i gcomhar le stáit bratacha eile nó, i gcásanna áirithe, rinneadh sonraí tábhachtacha a uaslódáil ar an Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP).

| Tag. MCIB | Ainm an Árthaigh | Dáta | Sonraí an teagmhais |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/622 | FV Fr. McKee | 06/01/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/623 | MV Muros agus Mv Erieborg | 12/01/2024 | Imbhualadh |
| MCIB/13/624 | FV Green Isle | 17/01/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/625 | FV Danny Finn | 26/01/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/627 | FV Aoibh Áine | 31/01/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/628 | Ro-Ro Cargo Ship Stena Nordica | 25/02/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/629 | FV Shauna Leon | 08/03/2024 | Ligean isteach uisce |
| MCIB/13/630 | MV Cuera | 16/04/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/631 | FV Vision V | 09/04/2024 | Duine i bhfarraige |
| MCIB/13/632 | Yacht Marley | 10/04/2024 | Teagmháil le balla an chuain |
| MCIB/13/633 | FV Vispon | 18/04/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/634 | DPC Dodder/ DPC Tolka | 24/04/2024 | Teagmhas ainlithe |
| MCIB/13/635 | Wes Gesa | 17/04/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/636 | Stena Horizon Ro-Pax | 27/04/2024 | Árthach nach raibh smacht air |
| MCIB/13/637 | Aran Island Ferry-Express, Dúlainn | 30/04/2024 | Duine i bhfarraige |
| MCIB/13/638 | FV Vaya Con Dios | 29/04/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/639 | Pleasure Craft Lambay Island | 02/05/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/640 | FV Lucinda Ann | 08/05/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/641 | MV Galicia | 13/05/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/642 | MV Larissa B | 02/04/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/643 | MV CT Rotterdam | 20/05/2024 | Bualadh faoi bheart feistithe |
| MCIB/13/644 | Annie B | 16/05/2024 | Teagmhas le feistiú an bháid |
| MCIB/13/645 | FV Silver Lining III | 02/06/2024 | Ligean isteach uisce |
| MCIB/13/647 | SV Corilla | 29/06/2024 | Árthach nach raibh smacht air |
| MCIB/13/649 | Lida Suzanna | 12/07/2024 | Fadhb leis an gcaidéal breosla |
| MCIB/13/650 | FV Chloe B | 13/07/2024 | Teip innill |
| MCIB/13/651 | L'Oursin | 07/07/2024 | As feidhm |
| MCIB/13/652 | Pride of the Lakes Waterbus | 04/08/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/653 | FV Nausicaa agus FV Custos Deus | 31/07/2024 | Imbhualadh idir dhá árthach |

| Tag. MCIB | Ainm an Árthaigh | Dáta | Sonraí an teagmhais |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/654 | Kayak | 13/08/2024 | Bás amháin |
| MCIB/13/655 | FV Patrick C | 07/08/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/656 | FV Supreme II | 11/08/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/657 | An Foracha | 23/07/2024 | Duine i bhfarraige |
| MCIB/13/658 | FV Susa Uno | 16/08/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/659 | FV Alana | 17/08/2024 | Tháinig an t-árthach i ngar d'árthach eile |
| MCIB/13/700 | Renaissance | 23/08/2024 | Thit paisinéir i bhfarraige |
| MCIB/13/701 | Stena Adventurer | 25/08/2024 | Caillteanas cumhachta |
| MCIB/13/702 | FV Kaiicobra | 26/08/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/703 | FV Ard Fionnbarr | 04/09/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/704 | Racing Yacht Kinsale | 11/09/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/705 | FV Maria Magdalen | 13/09/2024 | Beirt bhall den chriú gortaithe |
| MCIB/13/706 | Skellig Passenger Vessel | 25/09/2024 | Paisinéir tite i bhfarraige |
| MCIB/13/707 | Lagerta | 05/09/2024 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/708 | Kayaker Magheragallen | 03/10/2024 | Cadhcóir ar iarraidh |
| MCIB/13/709 | Seastruck Power | 06/10/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/710 | FV Breogan Tres | 14/10/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/711 | FV Bikain agus FV Sauveur | 18/11/2024 | Imbhualadh |
| MCIB/13/712 | Mary Jay agus Glenbrooke Ferry | 19/10/2024 | Imbhualadh |
| MCIB/13/713 | Ocean Battler | 20/10/2024 | Duine san uisce idir dhá árthach |
| MCIB/13/714 | FV Blue Horizon | 12/08/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/715 | FV Bikain | 24/10/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/716 | FV Emerald Shore | 30/10/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/717 | MV Tacktow | 29/10/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/718 | FV Le Stiff | 31/10/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/719 | FV Armaven Tres | 06/11/2024 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/720 | MV Lucia B | 13/11/2024 | Árthach nach raibh smacht air |
| MCIB/13/721 | FV Mar Mares | 19/11/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/722 | MS Seastruck Progress | 23/11/2024 | Rinneadh Damáiste don Lastas |
| MCIB/13/723 | W.B. Yeats | 23/11/2024 | Rinneadh damáiste d'fhuinneog an droichid |
| MCIB/13/724 | Celine | 25/11/2024 | Cailleadh ancaire ar bhord na sceathraí |
| MCIB/13/725 | FV Sylvanna | 27/11/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/726 | FV Supreme II | 1/12/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/727 | FV Ard Fionnbarr | 9/12/2024 | Lián calctha |
| MCIB/13/728 | Wilson Gdansk | 11/12/2024 | Imbhualadh |
| MCIB/13/729 | FV Bridget Carmel | 10/12/2024 | Teip innill |

| Tag. MCIB | Ainm an Árthaigh | Dáta | Sonraí an teagmhais |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/730 | MV Fri Porsgrunn | 20/12/2024 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/731 | FV Wings of the Morning | 09/12/2024 | Bás amháin |

# Ráitis Airgeadais
2024

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Thuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2024

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 30 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 34 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coimeádta | 38 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 39 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 40 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 | 41 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## Príomhghníomhaíochtaí

D'fhan príomhghníomhaíocht na heagraíochta mar a bhí, is é sin imscrúduithe a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn ar fud na cruinne d'árthaí atá cláraithe in Éirinn agus d'árthaí eile in uiscí teorann agus in uiscebhealaí intíre na hÉireann, nó ar thaismí muirí a tharlaíonn ar bhord na n-árthaí sin.

## Rialachas

Cuireadh Bord an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB) ar bun an faoi Alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sa reachtaíocht seo a leanas: an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú), 2011, Acht na gComhphobal Eorpach, 1972; Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú) (Leasú), 2020, agus an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Leis an bhfreagracht sin a chomhlíonadh, socraíonn an Bord cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha agus glacann sé cinntí straitéiseacha maidir le gach mórcheist ghnó. Is iad na Comhaltaí Boird agus Rúnaí an Bhoird atá freagrach as gnáthbhainistiú laethúil, rialú agus treo MCIB.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Iompair, mar atá na nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. I measc na mbuanmhíreanna a phléann an Bord, tá:

- dearbhú leasanna,
- clár rioscaí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ó imscrúduithe.

Ceanglaítear ar an mBord, faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, na taifid go léir is cuí agus is gnách a choimeád d'airgead arna fháil agus arna chaitheamh ag an mBord, in aon fhoirm faoi mar a cheadódh an tAire Iompair é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord MCIB:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta,
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an bhoinn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh i bhfeidhm, agus
- a chur in iúl ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn, tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas don Bhord a chinntiú go ndéanann a ráitis airgeadais Alt 20(1) den

Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, a chomhlíonadh. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as cruinneas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin MCIB.

Is í an Roinn Iompair atá freagrach as an mbuiséad bliantúil a leithdháileadh. Tugann MCIB cuntas ar a chuid caiteachais don Roinn Iompair i dtús na bliana. Mar gheall ar an saghas oibre a dhéanann MCIB, níl an Bord in ann phleanáil chinnte ná buiséadú cinnte a dhéanamh don chéad bhliain eile. Dá bharr sin, níor bhain an Bord feidhm as buiséad mar ghléas chun comparáid a dhéanamh san athbhreithniú ar fheidhmíocht MCIB in 2024.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní féin a chosaint agus, mar sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mí-rialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is deimhin leis an mBord go dtugtar léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MCIB an 31 Nollaig 2024 sna ráitis airgeadais.

## Cur i bhFeidhm

Ceanglaítear de réir mhír 1.19 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód') nach mór timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a bheith ann chun tacú le lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit a straitéis a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad a cheadú agus an fheidhmíocht féin a mheas go foirmiúil trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad go bliantúil. Ní féidir le Bord MCIB aon phleanáil chinnte a dhéanamh don chéad bhliain eile mar gheall ar an saghas oibre a dhéanann an comhlacht, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn d'árthaí cláraithe Éireannacha ar fud na cruinne, nó ar bord na n-árthaí sin, agus árthaí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann.

## Struchtúr an Bhoird

Cúigear comhaltaí ar a laghad agus seachtar comhaltaí ar a mhéad a bhíonn ar an mBord, agus is é an tAire a dhéanann iad a cheapadh.

| COMHALTA BOIRD | RÓL | DÁTA CEAPTHA / TÉARMA CURTHA I GCRÍCH |
|---|---|---|
| Claire Callanan | Cathaoirleach | Arna ceapadh i mí Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leas-Chathaoirleach | Arna ceapadh i mí Aibreáin 2017 / Téarma curtha i gcrích i mí an Mhárta 2024 |
| Keith Patterson | Gnáthchomhalta | Arna ceapadh i mí Iúil 2022 |
| John Carlton | Leas-Chathaoirleach | Arna ceapadh i mí Bealtaine 2023 |
| Phil Murphy | Gnáthchomhalta | Arna ceapadh i mí Bealtaine 2023 |
| Deirdre Lane | Gnáthchomhalta | Arna ceapadh i mí Bealtaine 2023 |

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal den tinreamh ar na cruinnithe den Bhord do 2024 leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tugtar achoimre ansin ar na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta le linn na bliana.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Tá an Bord tar éis plé le cuntasóir seachtrach mar chuid den athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Tugadh an tuarascáil chun críche agus rinne an Bord í a fhormheas an 8 Aibreán 2025.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

Chuaigh téarma oifige Dorothea Dowling in éag ar an 31 Márta 2024.

Ceapadh John Carlton mar Leas-Chathaoirleach nuair a d'éirigh an Dr Dowling as.

Tháinig Diane Nesbitt Flood in ionad Diptiben Bhatt mar Rúnaí i mí Iúil 2024.

## Coistí

Níl aon choistí ann. Tugadh maolú leanúnach do MCIB i dtaca leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna reatha atá i bhfeidhm in MCIB ó thaobh maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca de.

## Nochtaí a theastaíonn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go bhfuil MCIB tar éis cloí le ceanglais an Chóid, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtaí seo a leanas riachtanach de réir an Chóid:

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Thabhaigh baill foirne agus comhaltaí boird costais taistil agus chothaithe de €14,735 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 (2023: €10,561).

### Costais Sainchomhairleoireachta

Ar na costais sainchomhairleoireachta a bhí ann bhí an costas as comhairle sheachtrach don bhainistíocht. Ní chuirtear san áireamh leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Treoir chomhairleach ar an bpróiseas reachtach agus ar chúrsaí gaolmhara | €7,566 | €50,770 |
| Iomlán | €7,566 | €50,770 |

Baineann táillí dlí agus táillí gairmiúla de €15,688 (2023: €60,859) le caiteachas ar phróisis a seachfhoinsíodh de réir 'gnó mar is gnách'. Bronnadh a chostais dlí ar MCIB i dtaca le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a caitheadh amach go rathúil.

### Caiteachas Fáilteachais

Níor tabhaíodh €aon chaiteachas fáilteachais le linn na bliana (2023: €348). Baineann caiteachas fáilteachais le costais a tabhaíodh le haghaidh oiliúna.

## Nochtaí Breise

Tá miondealú ar nochtadh sochar gearrthéarmach fostaithe mar chuid de Nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Níl aon nochtaí eile ann a bhaineann le costais agus socrúcháin dlí, fáilteachas, ná íocaíochtaí agus comhaontuithe foircinn/téarfa, de réir mar a cheanglaítear a leithéid faoin gCód, ar an ábhar nár tabhaíodh aon chaiteachas sna catagóirí seo sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Tugadh maolú leanúnach do MCIB i dtaca leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna reatha atá i bhfeidhm in MCIB ó thaobh maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca de.

Tugtar maoluithe do MCIB i gcás forálacha áirithe den Chód i bhfianaise a lú atá sé agus mar gheall ar an gcineál gníomhaíochtaí a dhéanann sé. Luaitear na maoluithe sin thíos:


- Iniúchóireacht inmheánach, agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca[1]
- Fáil Réadmhaoine agus Diúscairt Réadmhaoine Barrachais
- Fáil Talún, Foirgneamh nó Sócmhainní Ábhartha eile

- Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitiúil
- Éagsúlú, Bunú Fochomhlachtaí agus Fáltais ag Comhlachtaí Stáit
- Diúscairt Sócmhainní Stáit
- Comhlíonadh úsáide Ceanglas um Cheantáil nó um Thairiscint[2]
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca

Déanann MCIB gnóthas cuntasóirí a earcú a dhéanann na Ráitis Airgeadais a ullmhú gach bliain agus a thugann cúnamh do MCIB sa phróiseas iniúchta. Déantar foireann eile ón ngnóthas cuntasaíochta a earcú chomh maith le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais MCIB.

Déantar athbhreithniú ar riosca mar bhuanmhír ag gach cruinniú Boird de chuid MCIB agus coinníonn MCIB clár rioscaí agus beartas riosca a ndéantar athbhreithniú orthu ar bhonn ráithiúil.

Tugadh comhaontú maoirseachta MCIB chun críche an 6 Lúnasa 2024 tar éis plé agus athbhreithniú a dhéanamh i gcomhar leis an Roinn Iompair.



Claire Callanan
Cathaoirleach

17 Meitheamh 2025

1. Tá clár rioscaí agus Beartas Riosca i bhfeidhm ag MCIB.
2. Baineann an maolú seo le míreanna 8.36 – 8.43 den Chód Cleachtais. Ní bhaineann sé le tairiscint ar ghnéithe reatha de chlár MCIB.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach don rialú inmheánach a chothú agus a chur i bhfeidhm. Tá ceanglais an Chóid á gcur san áireamh mar chuid den fhreagracht sin.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas chun fáil réidh leis go hiomlán. Níl an córas in ann ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in MCIB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 suas le dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun Plé le Riosca

I bhfianaise a lú atá sé, tá maolú faighte ag MCIB ón Roinn Iompair i dtaca leis an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí. Faoi láthair, téann MCIB i gcomhairle lena chuntasóirí seachfhoinsithe le hathbhreithniú ar rialú inmheánach a dhéanamh.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm in MCIB bunaithe ar Bheartas Riosca ina ndéantar príomhrioscaí a shonrú agus a thuairisciú agus ina dtugtar na bearta atá á nglacadh ag an lucht bainistíochta chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, más féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sonraítear na príomhrioscaí atá roimh MCIB. Táthar tar éis na rioscaí sin a shonrú, a mheas agus a aicmiú de réir an leibhéil suntais atá leo. Déantar athbhreithniú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Tá sé ina bhuanmhír ar chlár oibre an Bhoird má tharlaíonn go dteastódh leasuithe air idir na hathbhreithnithe sin. Baintear feidhm as torthaí na measúnuithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh sa dóigh is go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- tá taifeadadh déanta ar nósanna imeachta a bhaineann le gach príomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht oiriúnach sannta dá réir,
- tugann an Roinn Iompair buiséad bliantúil nach mbaineann le tuarastal de €598,000 do MCIB lena chaitheamh ar imscrúduithe agus ar chaiteachas eile gnó. Déantar an buiséad a tharraingt anuas de réir mar a éiríonn iarmhéid bainc MCIB cóngarach do €50,000. Má bhíonn go leor cistí san iarmhéid bainc i ndeireadh na bliana, agus má bhíonn MCIB in ann a dheimhniú nach mbeidh tuilleadh cistí de dhíth, coinníonn an Roinn an chuid eile den deontas nár tarraingíodh anuas.
- tá córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- féadtar tuairisciú oibríochtúil gnó a úsáid le dearbhú a fháil maidir leis an tslí a bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíocht bhainistíochta lena dheimhniú go mbíonn socruithe cáilíochta á sásamh i gcomhréir lena dteastaíonn i gcás réimsí sonracha riosca, agus
- tugann cuntasóirí neamhspleácha faoi athbhreithnithe ar an rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MCIB lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus le treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chloígh MCIB leis na nósanna imeachta sin i rith 2024.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MCIB le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Tá eolas ag gach comhalta Boird ar an gcaiteachas go léir a dhéanann MCIB agus a ról reachtúil á chomhlíonadh aige. Cuireann Rúnaí an Bhoird ar an eolas iad, ar bhonn leanúnach agus ag gach cruinniú míosúil den Bhord, maidir le haon íocaíochtaí a dhéantar agus aon chúinsí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chúrsaí airgeadais MCIB. Ní mór go ndéanfadh beirt chomhaltaí den Bhord gach íocaíocht a fhaomhadh agus a údarú ar chóras baincéireachta AIB.

Cuireann an obair a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha, na cuntasóirí seachtracha a dhéanann athbhreithniú ar fheidhm an rialaithe inmheánaigh, agus lucht ardbhainistíochta MCIB atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, bonn eolais faoin bhfaireachán agus athbhreithniú a dhéanann MCIB ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach chomh maith.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024. Mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin, bhí nósanna imeachta MCIB a bhí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar ghnó agus caiteachas leanúnach an Bhoird, agus chun iad a rialú. Chomh maith leis sin, úsáideadh tuarascáil na gcuntasóirí a earcaíodh i mí Feabhra 2024 le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Rinne an Bord an tuarascáil maidir le hAthbhreithniú ar Rialú Inmheánach a phlé agus a fhormheas mar chuid de chruinniú an Bhoird an 8 Aibreán 2025. Is deimhin leis an mBord gur láidir agus éifeachtach na rialuithe atá i bhfeidhm.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sonraíodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca le 2024 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.



Claire Callanan
Cathaoirleach

17 Meitheamh 2025

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais maidir leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus faoi chúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí lena mbaineann, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas cothrom fíor sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú an 31 Nollaig 2024, agus ar ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain 2024, i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

## An bunús leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táimse féin neamhspleách ar an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leordhóthanach agus iomchuí an fhianaise atá faighte agam ón iniúchadh le bunús a thabhairt le mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis an bhfaisnéis eile sin ná an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tugtar cuntas san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis mar sin, agus ar nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu mar eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Mark Brady

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an 18 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh lena dhéanamh amach an iomchuí bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- aon rialú inmheánach atá riachtanach, dar leo, chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh ar bun agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais saor ina n-iomláine ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus ardleibhéal dearbhaithe, ach níl aon chinnteacht ann go mbraithfear ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí, más ann dá leithéid, nuair a dhéantar iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide. Meastar gurb ábharach iad na míráitis, astu féin nó ina n-iomláine, dá mbeadh sé réasúnach a mheas go rachaidís i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanfadh úsáideoirí bunaithe ar a bhfuil sna ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh atá i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, léirím breithiúnas gairmiúil agus cloím le hamhras gairmiúil i rith an iniúchta. Ar an gcaoi sin,

- sonraím na rioscaí a eascraíonn as míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid, agus déanaim iad a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le bunús a thabhairt le mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. I gcás calaoise, d'fhéadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh de réir mar a oireann sna cúinsí, ach ní le tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Tugaim cinneadh maidir lena oiriúnaí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise ón iniúchadh, maidir le cé acu a bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i dtaca le teagmhais nó cúinsí a d'fhágfadh amhras suntasach ar chumas an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtaí sin, mo thuairim a athrú. Tá na conclúidí a thugaim bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas mar chuid den iniúchadh suas go dáta na tuarascála. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh eachtraí nó coinníollacha a tharlóidh amach anseo ina gcúis leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, nochtaí san áireamh, agus tugaim mo mheas maidir cé acu a dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú cothrom ar na hidirbhearta agus na himeachtaí lena mbaineann.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais i dtaca le, i measc nithe eile, raon feidhme agus tráth beartaithe an iniúchta agus i dtaca le haon torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach arna sonrú agamsa le linn an iniúchta.

Déanaim tuairisc mar eisceacht sa chás, dar liom,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim don iniúchadh faighte agam, nó
- nár leordhóthanach na taifid chuntasaíochta leis na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann an tuairim atá agam ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dearbhaithe ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh a bhí le déanamh agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá á cur i láthair a léamh agus, an méid sin á dhéanamh agam, mo mheas a thabhairt faoina bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó an bhfuil an chuma ar chúrsaí ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Bunaithe ar an obair atá déanta agam, má mheasaim go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Tugaim faoin iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistiú agus feidhmiú comhlachtaí Stáit. Déanaim tuairisciú má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí ar tugadh faoi ghnóthaí poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú má aithním aon chás ábhartha nach bhfuiltear tar éis airgead poiblí a úsáid ar na cúiseanna beartaithe nó nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a bhí á rialú.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2024 € | AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas (Vóta 31, fo-cheannteideal C3) | | 413,101 | 435,922 |
| Ioncam ó Fhoinsí Eile | | - | 30 |
| | | 413,101 | 435,952 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 170,852 | 141,718 |
| Conraitheoir Neamhspleách | | 27,338 | 23,871 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | 5 | 37,179 | 36,995 |
| Foilsitheoireacht | | 11,342 | 7,965 |
| Dearadh an tSuímh Gréasáin | | 8,779 | 861 |
| Imscrúduithe | 3 | 58,456 | 64,313 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | | 207 | 2,503 |
| Léarscáileanna/Cairteacha | | 996 | 1,328 |
| Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla | | 15,688 | 60,859 |
| Treoir chomhairleach ar an bpróiseas reachtach agus ar chúrsaí gaolmhara | | 7,566 | 50,770 |
| Cuntasaíocht | | 9,442 | 9,225 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 10,637 | 9,600 |
| Táillí Bainc | | 322 | 338 |
| Oiliúint | | 28,760 | 12,232 |
| Speansais Éagsúla | | 187 | 726 |
| | | 387,751 | 423,304 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 25,350 | 12,648 |
| Easnamh Carntha an 1 Eanáir | | (114,063) | (126,711) |
| Easnamh Carntha an 31 Nollaig | | (88,713) | (114,063) |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
17 Meitheamh 2025

Margaret Bell
Rúnaí
17 Meitheamh 2025

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 31 NOLLAIG 2024 € | 31 NOLLAIG 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 169 | 492 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 2,081 | 12,134 |
| | | 2,251 | 12,626 |
| **Creidiúnaithe** – suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 2 | (90,964) | (126,689) |
| **Glandliteanais Reatha** | | **(88,713)** | **(114,063)** |
| **Miondealú** | | | |
| Easnamh Carntha arna thabhairt ar aghaidh | | (114,063) | (126,711) |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 25,350 | 12,648 |
| **Cúlchistí Ioncaim Coimeádta** | | **(88,713)** | **(114,063)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
17 Meitheamh 2025

Margaret Bell
Rúnaí
17 Meitheamh 2025

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 31 NOLLAIG 2024<br>€ | 31 NOLLAIG 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Airgead (arna ghlacadh ag) d'oibríochtaí | 25,350 | 12,648 |
| Méadú / (laghdú) ar earraí infhaighte | 323 | - |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha | (35,727) | (12,267) |
| **Glan-insreabhadh airgid/ (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | (10,054) | 381 |
| **Glanluach airgid arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Glanluach airgid arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | - | - |
| **Glanmhéadú/ (glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | (10,054) | 381 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i dtús na bliana | 12,134 | 11,753 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i ndeireadh na bliana** | 2,081 | 12,134 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Cuireadh an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar bun faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibríochtaí an 5 Meitheamh 2002. Cuireadh ar bun go foirmiúil é an 25 Márta 2003. Tugann an Bord faoi imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé tuarascálacha ar na torthaí.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Táthar tar éis ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

Tá Bord an eintitis a bhí in oifig ar dháta formheasta na Ráiteas Airgeadais seo freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas lena oibleagáidí ábhartha. Dearbhaímid go bhfuil an t-eintiteas tar éis cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, (Lúnasa) 2016.

### c) Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

I mí na Nollag 2022, d'fhormheas an Rialtas Bille um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) a dhréachtú le go ndéanfaí foráil maidir leis an Aonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú a bhunú laistigh den Roinn Iompair. Déantar foráil leis an Scéim Ghinearálta go gcuirfear an tAonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MAIU) ar bun laistigh den Roinn Iompair. Tiocfaidh MAIU in áit an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú mar an gcomhlacht buan a bheidh freagrach as taismí muirí a imscrúdú. Chomh maith leis sin, déantar foráil leis an Scéim Ghinearálta go mbeidh an chumhacht ag an Aire Iompair rialacha a dhéanamh chun reachtaíocht thánaisteach riachtanach a cheapadh i dtaca le hárthaigh seirbhíse amach ón gcósta agus pearsanra tionsclaíoch a rialú.

Shínigh an tUachtarán an Bille Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) ina dhlí an 14 Aibreán 2025. Lánscoirfear MCIB a luaithe agus a bhunófar an tAonad MAIU, agus a thiocfaidh an tAcht i bhfeidhm.

### d) Bunús an ullmhaithe

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a mheastar ar luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna formheas ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go seasta agus plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú.

**e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais**

Baineann na ráitis airgeadais leis an tréimhse 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2024.

**f) Airgeadra**

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro ( ), arb é sin airgeadra feidhmiúil an Bhoird.

**g) Deontais ón Oireachtas**

Is é is Ioncam ó Airgead ón Oireachtas ann an t-airgead tirim agus na costais as tuarastal ball foirne ar iasacht a fuarthas sa bhliain ón Roinn Iompair chomh maith le híocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair le linn na bliana thar ceann fhoireann an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú*.

*Tabhair faoi deara: Triúr ball foirne buan a bhí ar Rúnaíocht MCIB in 2024, arna sannadh Roinn Iompair.

**h) Aitheantais do Chostais Imscrúduithe**

Fabhraítear costais a bhaineann le himscrúduithe atá fós ar bun i ndeireadh na bliana, bunaithe ar chostais mheasta gach imscrúdaithe. Cuireann imscrúdaitheoirí sonrasc chuig MCIB nuair a thugtar imscrúduithe chun críche agus an tuarascáil a fhoilsiú. Íoctar speansais eatramhacha agus speansais taistil de réir mar a thabhaítear iad.

**i) Aoisliúntas**

I gcás baill foirne a cheaptar chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB, clúdaítear iad siúd faoi shocruithe pinsin na Roinne ábhartha. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar an mBord as Pinsin.

**j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**

Samplaí d’airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim: airgead ar láimh, taiscí gearrfhógra i mbainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarma eile a bhfuil aibíochtaí tosaigh trí mhí nó níos lú ná sin ag baint leo agus rótharraingtí bainc. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí faoi dhliteanais reatha.

## Nóta 2. Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe | 88,724 | 118,016 |
| Suimeanna Iníoctha | - | - |
| PSWT | 2,240 | 8,673 |
| | 90,964 | 126,689 |
| Sa speansais fhabhraithe, áirítear suimeanna a bhaineann le: Cuntas rialúcháin ÍMAT | - | - |

## Nóta 3. Speansais chun Taismí a Imscrúdú

Chuir an Bord 10 n-imscrúdú i gcrích sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus d’fhoilsigh tuarascálacha ar gach imscrúdú acu sin. Ba é an costas iomlán as na himscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2024 €58,456. Foilsíodh 5 thuarascáil eatramhacha in 2024 ar imscrúduithe a bhí fós ar bun. Ar an 31 Nollaig 2024, bhí 9 n-imscrúdú ar siúl nach raibh tugtha chun críche. D’fhéadfadh costas €65,500 a bheith ag baint leis an obair seo, costas atá curtha san áireamh san fhigiúr do speansais fhabhraithe i nóta 2. Fabhraítear costais imscrúdaithe sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas.

Chomh maith leis sin, áirítear costais taistil agus chothaithe sna speansais imscrúdaithe a thabhaigh imscrúdaitheoirí, is iad sin costais €14,658 (2023: €8,363) - de bharr cinneadh a ghlac an Bord i mí na Nollag 2020 go gcúiteofaí imscrúdaitheoirí as caiteachas dearbhaithe taistil agus cothaithe comhaontaithe ar rátaí na Státseirbhíse a thabhaíonn siad agus iad i mbun imscrúduithe.

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

### Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird agus an fhoireann ardbhainistíochta a fheidhmíonn mar phríomhphearsanra bainistíochta in MCIB. Tá luach iomlán na sochar fostaithe atá ag an bpríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Chuir an Roinn Iompair triúr ball foirne lánaimseartha ar fáil mar Rúnaíocht bhuan. Rinne an Roinn costais foirne a fhorchúiteamh ó leithdháileadh deontais an Bhoird. Ag deireadh na bliana 2024, bhí 3 ball foirne ceaptha ag an Roinn Iompair ar an mBord, agus 3 ball foirne ag deireadh na bliana 2023.

Bhí ball sealadach ag teastáil le linn na bliana. Íocadh €27,338 leis an duine seo as na cistí a raibh fáil ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú orthu.

Sa tábla thíos, tugtar sonraí maidir líon na mball foirne i ngach banda pá.

| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe** | 2024<br>An líon fostaithe sa bhanda | 2023<br>An líon fostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 4 | 2 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,999 | 1 | 1 |
| > 80,000 | - | - |

**Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a rinneadh le linn thréimhse an tuairiscithe liúntais tuarastail ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

## Nóta 5. Comhaltaí Boird

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord le hathbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí. Bhí 13 ghnáthchruinniú ag an mBord in 2024. Bhí cúigear comhaltaí ar an mBord an 31 Nollaig 2024.

Bhí na táillí a bhí iníoctha leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí Boird don bhliain 2024 ar rátaí a bhí ceadaithe agus formheasta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh táille pro rata leis na Comhaltaí Boird a chuaigh ar scor nó a ceapadh le linn bliain féilire.

**Leagtar amach thíos sceideal Tinrimh agus Táillí don bhliain 2024:**

| Comhalta Boird | Cruinnithe ar Fhreastail an Comhalta Orthu | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Claire Callanan | 13/13 | 8,978 | 8,978 |
| Frank Cronin (imithe ar scor i mí an Mhárta 2023) | - | - | 1,496 |
| Dorothea Dowling (téarma oifige imithe in éag i mí an Mhárta 2024) | 3/13 | 1,496 | 5,985 |
| Keith Patterson | 12/13 | 5,985 | 5,985 |
| John Carlton (arna cheapadh i mí Bealtaine 2023) | 12/13 | 5,985 | 3,990 |
| Deirdre Lane (arna ceapadh i mí Bealtaine 2023) | 12/13 | - | - |
| Phil Murphy (arna cheapadh i mí Bealtaine 2023) | 12/13 | - | - |
| **Táillí Iomlána** | | **22,444** | **26,434** |

Íoctar ráta bliantúil aonuaire le comhaltaí boird seachas ráta bunaithe ar thinreamh ar chruinnithe. Is ionann na suimeanna a léirítear thuas agus suimeanna comhlána atá iníoctha le comhaltaí.

Íocadh speansais taistil €14,735 le comhaltaí an Bhoird in 2024 as freastal ar na Cruinnithe Boird le linn 2024. Íocadh na speansais seo i gcomhréir le rátaí formheasta na Státseirbhíse lena gcloíonn MCIB.

## Nóta 6. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024, thaifead an Bord barrachas oibriúcháin de €25,350 agus easnamh carntha de €114,063 don tréimhse 2002 – 2023. Fuarthas maoiniú in 2024 agus meastar go bhfaighfear é go leanúnach lena chinntiú go mbeidh an Bord in ann gach dliteanas atá air a shásamh.

## Nóta 7. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair cóiríocht ar fáil don Bhord, úsáid sócmhainní seasta san áireamh, saor in aisce in áitreabh na Roinne i Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Déanann an Bord a chostais oibriúcháin féin a mhaoiniú seachas na seirbhísí seo a leanas atá á gcur ar fáil ag an Roinn Iompair saor in aisce:

- Teicneolaíocht faisnéise agus Teileafón
- Costais as postas, stáiseanóireacht agus clódóireacht inmheánach (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)
- Glantachán
- Speansais eile oifige, speansais soilsithe agus teasa san áireamh.

## Nóta 8. Cánachas

I gcomhréir le halt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus ní gá aon fhoráil a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá gach comhalta den Bhord tar éis nósanna imeachta a ghlacadh i gcomhréir le halt 17 agus alt 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Tugann an Bord faoina ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus ar bhealach a bhfuil an chuma sin air i gcomhréir le Cód Iompair Gnó an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú (féach www.mcib.ie). Is é atá beartaithe leis an gCód sraith chomhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a shocrú le gnó an Bhoird a chur i gcrích; le muinín an phobail as an mBord agus iontaoibh an phobail sa Bhord a chur chun cinn agus a chothú; agus lena chinntiú nach dtiocfaidh aon chleachtais neamheiticiúla chun cinn sa Bhord agus nach nglacfar lena leithéid. Cuireann comhaltaí an Bhoird in iúl don Rúnaí má bhíonn coinbhleacht leasa ann agus fágfaidh siad cruinniú Boird má thagann coinbhleacht leasa chun cinn.

Chun cloí le ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 – Ráitis Bhliantúla ar Leasanna, tugann gach comhalta Boird foirm chomhlánaithe um Ráiteas ar Leasanna don Rúnaí faoin 31 Eanáir ar a dhéanaí gach bliain. Cuirtear freagraí nialasacha isteach chomh maith.

## Nóta 10. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas an 11 Márta 2025.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493. www.mcib.ie